# Doiciméad Eolais agus Treorach don Athbhreithniú ar Stair na Sraithe Sóisearaí

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

Meán Fómhair
2016

# An Clár Ábhar


| | | |
|---|---|---|
| 1 | Stair na Sraithe Sóisearaí: An bóthar romhainn | 3 |
| 2 | An cleachtas idirnáisiúnta in oideachas staire | 9 |
| 3 | An Teastas Sóisearach: an siollabas Staire | 16 |
| 4 | Stair i scoileanna | 23 |
| 5 | Leanúnachas i dtaithí an scoláire ar an stair | 33 |
| 6 | Sonraíocht staire sa tsraith shóisearach nua | 41 |
| 7 | Achomair den athbhreithniú ar stair na sraithe sóisearaí | 43 |
| Tagairtí | | 47 |

# 1 Stair na Sraithe Sóisearaí: An bóthar romhainn

## 1.1 Réamhrá

Tabharfar isteach sonraíocht nua le haghaidh stair na sraithe sóisearaí in 2018. Foilseofar sonraíocht an churaclaim agus treoirlínte measúnaithe an ábhair bliain níos túisce i Meán Fómhair 2017. Tugann an páipéar seo cúlra ar fhorbairt na sonraíochta do stair na sraithe sóisearaí.

Beidh an páipéar seo mar bhonn taca ag comhairliúchán ina bhféachfar le tuairimí raon páirtithe leasmhara a fháil lena n-áirítear múinteoirí agus scoláirí cleachtacha maidir le foghlaim agus teagasc na staire agus rannchuidiú le forbairt sonraíochta nua don ábhar sa tsraith shóisearach. Tugtar aghaidh ar théamaí éagsúla sa pháipéar lena n-áirítear

- ról na staire laistigh de thaithí oideachasúil níos leithne
- peirspictíochtaí maidir le dea-chleachtas idirnáisiúnta in oideachas staire ar an leibhéal sin
- stádas reatha na staire sa tsraith shóisearach
- cineálacha cur chuige reatha maidir le foghlaim agus teagasc i stair an teastais shóisearaigh
- naisc idir stair an teastais shóisearaigh agus foghlaim na staire i gCuraclam na Bunscoile agus sa tsraith shinsearach
- saincheisteanna a bhféadfaí aghaidh a thabhairt orthu i bhforbairt sonraíochta nua do stair na sraithe sóisearaí.

## 1.2 Stair sa tsochaí agus sa churaclam

I bpróiseas leanúnach athchóiriú na sraithe sóisearaí in Éirinn tugtar deis chaoithiúil machnamh a dhéanamh ar an smaointeoireacht reatha maidir le cineál agus le haidhm an oideachais staire san iar-bhunscoil. Tá sé i gceist leis na breathnuithe tosaigh seo a leanas a ghabhann leis an doiciméad eolais seo an comhthéacs a leagan síos le haghaidh athbhreithniú níos leithne ar stádas an oideachais staire in Éirinn a leanfaidh as seo.

## Stair sa tsochaí

Gné spéisiúil faoin gcultúr nua-aimseartha, in Éirinn agus go hidirnáisiúnta, is ea an méid spéise atá ag an bpobal sa stair agus an spéis ghinearálta atá inti. Tá an feiniméan sin le tabhairt faoi deara i réimsí éagsúla. Cuireann siopaí leabhar go leor spáis ar leataobh do shaothair a phléann le téamaí stairiúla, agus tá ficsean stairiúil tagtha chun cinn mar sheánra a léitear cuid mhaith anois. Tá irisí agus irisleabhair staire ar fáil le ceannach anois freisin. Is maith a thuigeann lucht déanta clár teilifíse an spéis ghinearálta sa stair i measc an phobail féachana, agus go leor am craolta á thabhairt anois do chláir faisnéise agus aithrisí drámata ar phearsa agus ar imeachtaí stairiúla, agus is léir freisin an spéis mhéadaithe i ngéineolaíocht agus i stair an teaghlaigh i sceidil teilifíse. Tá an pictiúrlann ar an réimse is mó a choinníonn suas an spéis stairiúil, agus buiséid mhóra á gcaitheamh ar scannáin beathaisnéise agus ar léirmhínithe de scannáin mhór-eachtraíochta a bhfuil téamaí stairiúla acu agus lear mór daoine ag dul chun iad a fheiceáil. Tá borradh mór faoi thurasóireacht stairiúil agus oidhreachta, agus go leor cuairteoirí ag tabhairt a n-aghaidh ar láithreáin ina spéis mhór stairiúil, agus ionaid léirmhínithe gaolmhara á bhforbairt go minic i gcomhar le láithreáin den sórt sin. Is taisclann saibhris stairiúil é an t-idirlíon, ina dtugtar rochtain ar shraith leathan téamaí agus foinsí stairiúla, agus baintear leas ag an am céanna as forbairtí teicneolaíochta chun eolas agus tuiscint ar an stair a chur i láthair ar bhealaí nuálacha, cosúil le húsáid teicnící idirghníomhacha agus áiseanna amhairc. Tá borradh leanúnach faoi chumainn staire agus oidhreachta go háitiúil, agus gineann taighde ar ghnéithe den stair áitiúil ábhar litríochta atá saibhir agus éagsúil.

Rud spéisiúil ann féin, léiríonn an spéis mhéadaithe sa stair mar ábhar fiosrachta intleachtúla nó mar chaitheamh aimsire nó fóillíochta do chuid mhaith daoine raon éagsúil téamaí spéise stairiúla freisin. Tá dúshlán á thabhairt anois don cheannasaíocht a bhí ag téamaí polaitiúla nó míleata a bhí mar shaintréith ag taithí oideachasúil na staire do chuid mhaith daoine blianta roimhe seo de bharr spéis níos mó a bheith á cur anois in iniúchadh a dhéanamh ar shaol gnáthdhaoine mar rud ar leithligh uathu siúd a bhfuil poist chumhachtacha agus tionchar acu. Tá an fócas sin ar fhiosrú sainaitheanta sa staireolaíocht mar 'stair na ndaoine' nó 'stair ó bhonn aníos' (a bhí mar theideal ar aiste cheannródaíoch EP Thompson a foilsíodh sa *The Times Literary Supplement* in Aibreán 1966) agus ar lean fiosruithe fadréimseacha é maidir le stair daoine a bhí imeallaithe nó eisiata roimhe sin. Pléann cuid mhaith de thaighde stairiúil na linne seo le saol agus le taithí gnáthdhaoine, agus bíonn sé dírithe go minic trí phriosmaí téamacha sonracha ar nós aicme nó inscne, rud lena léirítear athrú tobann ó thaithí na staire dírithe den chuid is mó ar phearsa údaráis, cumhachta agus tionchair seanbhunaithe.

Tá an borradh atá ar an spéis sa stair á chomhlánú ag forbairtí suntasacha sna bealaí ina ndéantar foinsí faisnéise a rochtain, agus méadaítear an spéis leo go deimhin. Mar gheall ar dhigitiú cineálacha

éagsúla taifead tá an bealach inar féidir foinsí a rochtain ag athrú. Mar shampla, chuir roinnt nuachtán taifead sean-eagráin dá gcuid ar fáil ar líne, agus de bharr digitiú a bheith déanta ar thaifid dhaonáireamh na hÉireann 1901 agus 1911 tá spéis an-mhór ann anois, rud a thugann breis fianaise ar an spéis atá ag an bpobal trí chéile sa stair agus go háirithe, i seanchas. Ar an gcaoi chéanna, ciallaíonn teicneolaíocht ar líne go bhfuil rochtain thapa ar thaifid cartlainne ó gach cearn den domhan anois ach cnaipe a bhrú, agus fáil ar thaifid oifigiúla, mar pháipéir rialtais chomh héasca le cinn neamhoifigiúla, cosúil le litreacha, dialanna, cuimhní cinn agus grianghraif.

## 1.3 Rannpháirtíocht an phobail leis an stair: Comóradh an Stáit ar Éirí Amach na Cásca 1916

Tugann an comóradh céad bliain ar Éirí Amach 1916 deis chaoithiúil dúinn féachaint ar an gcaoi a léiríonn Éire na linne seo tuiscint ar a hoidhreacht stairiúil, agus raon leathan éagsúil imeachtaí comóraidh ar siúl ar fud an stáit ar leibhéal áitiúil agus náisiúnta araon. Tá comóradh an Éirí Amach i gcomhthéacs creat imeachtaí comórtha níos leithne ina dtugtar imeachtaí tábhachtacha a tharla idir 1912 agus 1922 chun cuimhne a meastar gur ócáidí móra iad i dtéarmaí bhunú stát neamhspleách na hÉireann. In 2011, bunaíodh sainghrúpa comhairleach chun comhairle a chur ar an rialtas faoi conas tabhairt faoi 'Dheich mBliana na gCuimhneachán' mar a tugadh orthu ó pheirspictíocht stairiúil de. Meastar gurb é Éirí Amach 1916 lárphíosa an chláir deich mbliana sin. Luaitear ar shuíomh gréasáin oifigiúil chlár cuimhneacháin an stáit nuair a bhí a chlár imeachtaí á fhorbairt aige go raibh aird ag an sainghrúpa comhairleach go gcaithfeadh an clár 'na traidisiúin éagsúla ar oileán na hÉireann ar fad a chuimsiú agus ... go gcaithfí tuiscint a fheabhsú maidir le himeachtaí a raibh tábhacht leo i measc an daonra trí chéile agus go gcaithfeadh ómós a bheith dóibh sin' agus gur cheart dó freisin 'comhthuiscint níos doimhne a chothú i measc daoine ó thraidisiúin éagsúla ar oileán na hÉireann'.

Leagadh síos tuin chomóradh na bliana leis na téamaí uileghabhálacha oifigiúla a chuirtear i láthair mar 'Cuimhnigh, Machnaigh, Athshamhlaigh', áit a spreagtar muintir na hÉireann a bheith

> Ag cuimhneamh ar ár stair agus go háirithe imeachtaí 1916
>
> Ag machnamh ar ár n-éachtaí mar Phoblacht sna céad bliain ó shin i leith
>
> Ag athshamhlú ár dtodhchaí do na glúnta le teacht ('Ireland.ie', 2016)

Bhí na mílte imeacht ar siúl i rith na bliana, agus rinneadh comóradh ar imeachtaí agus ar phearsantachtaí an Éirí Amach le ceol, damhsa, amhráin, filíocht agus ealaín i gcomhthéacs théamaí comórtha an stáit. Mar léiriú ar an spéis mhór ghinearálta sa stair a luadh níos túisce, cruthaíodh raon

leabhar, alt, clár faisnéise agus léirithe drámata mar thoradh ar an gcomóradh céad bliain ina ndéantar iniúchadh ar an Éirí Amach agus ar a thábhacht ó pheirspictíochtaí éagsúla de. Gné mhór den bhliain ab ea an fonn mór a bhí ar dhaoine gabháil do dhíospóireacht agus plé stairiúil, maidir le hoidhreacht an éirí amach agus chomh mór is atá na hidéil a léiríodh san fhorógra curtha i gcrích i ndáiríre ag glúnta i ndiaidh a chéile.

Pointe spéise eile is ea an chaoi ar shamhlaigh an stát an stair mar uirlis chun luachanna agus dearcthaí áirithe a chur chun cinn. Dearbhaítear sa chlár oifigiúil chun ceiliúradh a dhéanamh ar chomóradh an stáit ar 1916 gur 'le gach duine ar an oileán seo ceiliúradh 2016 agus lenár gcairde agus lenár dteaghlaigh thar lear – is cuma cén cúlra polaitiúil nó teaghlaigh atá acu, nó cén léirmhíniú pearsanta atá acu ar ár stair chomhaimseartha'. Cuireann sé béim freisin ar a rún go n-éireoidh le muintir na hÉireann a bheidh i mbun an chomóraidh céad bliain 'a bheith rannpháirteach sna traidisiúin éagsúla ar ár n-oileán agus go n-aithneoidh siad insintí difriúla ar scéalta an lae agus go bhféachfaimid leis an todhchaí a shamhlú ar bhealach a neartaíonn an tsíocháin agus an t-athmhuintearas agus ómós do gach traidisiún mar a shamhlaítear in idéil an Fhorógra iad'. Dá bhrí sin, is léir gur shamhlaigh an stát go bhfaigheadh saoránaigh taithí dhearfach agus dheimhneach ó bheith ag plé go poiblí le stair an Éirí Amach.

## 1.4 Impleachtaí den chaoi a sainímid stair na scoile: Dhá thuairim an-éagsúil

Mar gheall ar an aird a bhí ag an stát i rith chomóradh 1916 ar fheasacht agus ar dhíospóireacht stairiúil a chur chun cinn i measc na saoránach, agus an bealach ar ceanglaíodh an díospóireacht sin le luachanna dearfacha maidir le caoinfhulaingt agus urraim a chothú, tugtar léargas spéisiúil dúinn ar cheisteanna faoi ról na staire mar dhisciplín, agus ar an gcaoi a sainímid an stair. I gcomhthéacs an oideachais staire, cruthaítear tuairimí difriúla leis na ceisteanna sin. Cén chaoi a dhéanann duine ionracas na staire mar dhisciplín a chaomhnú áit a bhfuil tábhacht thar aon ní eile le neamhchlaontacht agus le fiosrú fuarchúiseach faoi imeachtaí agus saincheisteanna agus ag an am céanna, luachanna mar shaoránacht dhearfach, tírghrá agus fiú daonlathas a chur chun cinn, fiú ar bhealach caolchúiseach? Níl an teannas sa díospóireacht seo ar ndóigh ag tarlú in Éirinn amháin. Réimse amháin ina ndearnadh iniúchadh ar an teannas sin ná sa Ríocht Aontaithe go luath sna 1990idí, nuair a bhí an stair á leagan síos mar bhunábhar sa Churaclam Náisiúnta nua-chruthaithe, agus is rud spéisiúil é go bhfuil machnamh á dhéanamh ar thuairimí difriúla beirt smaointeoirí ar leith maidir le haidhmeanna stair na scoile sa réimse seo.

Ina alt ó 1992 ‘The Purpose of School History: Has the National Curriculum Got it Right?’, rinne John White machnamh ar ról na staire i gcreat taithí oideachais níos leithne. Déanann White an argóint

> Gurb í an phríomhchúis go ndéantar stair a mhúineadh i scoileanna ná gur gné riachtanach í i gcothú na gcáilíochtaí pearsanta sin i scoláirí, rudaí mar féin-eolas, féin-dhiongbháilteacht agus imní faoi leas daoine eile, a oireann dóibh le bheith mar shaoránaigh i sochaí dhaonlathach liobrálach. (White, 1992, lch 19)

Maíonn sé mar ‘shaoránaigh dhaonlathacha féinriartha a bheidh bainteach le daoine eile sa todhchaí, ní mór páistí a thógáil le ceangal áirithe leis an mbraistint pobail náisiúnta áit a bhfeiceann siad iad féin mar dhaoine atá ceangailte le daoine eile sa phobal trí naisc chomónta, lena n-áirítear . . . stair choiteann’ (lch 17). Agus léirmheas á dhéanamh ar thuairimí eile, tugann sé dúshlán go háirithe d’aidhm sainroghnaithe Peter Lee maidir le ‘stair ar mhaithe le stair’, áit a luann sé go ndeir Lee go díreach, ‘athraíonn an stair ár ndearcadh maidir leis an domhan mór, ar cad é an saol mar atá agus cad atá i gceist leis an duine agus cad a d’fhéadfadh a bheith i gceist . . . leathnaíonn (sí) an pictiúr iomlán atá againn den domhan agus cén deireadh a d’fhéadfadh tarlú’ (1992, lch 11). Níl White cinnte faoin tuairim sin, ar a dtugtar ‘aidhm athraitheach’ na staire (1992, lch 11); ní théann tuairim Lee i gcion air, measann sé nach gcuimsítear leis an aidhm sin ach amháin ‘fíor-stair’ (lch 14). Maíonn White nach bhfeiceann sé aon chúis mhaith go leathnófaí eolas nó tuiscint díreach ar mhaithe lena leathnú mar chuspóir bunúsach in oideachas; tacaíonn sé ina ionad sin le haidhm lárnach an oideachais mar rud a ‘chuireann féinleas an scoláire chun cinn mar dhuine féinriartha laistigh de phobal liobrálach-daonlathach’ (1992, lch 17).

Ag tabhairt freagra ar alt White in ‘History in Schools: Aims, Purposes and Approaches. A Reply to John White’ (Lee, 1992), cáineann Lee ‘tuairim chaol na staire’ a chuireann White i láthair mar bhealach chun faisnéis a thabhairt maidir le feidhmiú pearsanta agus sóisialta atá contrártha don ‘tuairim níos leithne den stair mar bhealach chun féachaint ar an domhan, roimhe seo agus faoi láthair, i bhfad ó shin nó le déanaí, san Eoraip nó “ar domhan” (1992, lch 31). Déanann Lee an argóint

> go gcaithfidh daltaí tuiscint a bheith acu ar athrú fadtéarmach, go gcaithfidh siad dul i ngleic leis an difríocht atá idir tábhacht ghearr agus fhadtéarmach, féachaint ar conas is féidir cineálacha difriúla tábhachta a cheangal leis na hathruithe céanna i gcomhthéacsanna saolta agus spásúlachta. Ní mór dóibh imscrúdú radacach a dhéanamh ar bhealaí saoil atá difriúil ónár mbealaí féin, agus tuiscint a bheith acu ar idéil aonair eile… (Lee, 1992, lch 31)

Níl aon ghlacadh ag Lee le moladh White gur é aidhm lárnach theagasc na staire ná luachanna liobrálach-daonlathach a chothú. Cé go n-aithníonn sé go bhféadfaí a rá go mbeadh aidhm den sórt sin inghlactha mar aidhm oideachais tríd is tríd, deir sé

> nach féidir leis a bheith mar aidhm de chuid na staire. Níl an stair dílis do ‘phobal-liobrálach-daonlathach’ mar idéal. Baineann an stair le hiniúchadh a dhéanamh ar

> gach cineál pobal, ó thaobh a bpobal féin agus ár bpobail, áit nach nglacfar le 'ár bpobal' mar pheirspictíocht seasta amháin ar le aon náisiún amháin, aicme amháin, cine amháin, cultúr nó pobal amháin é. Cuirtear an bhéim sa stair go bhfuil idéal ar bith den sórt sin ag dul faoi athrú leanúnach ar aon nós... (Lee, 1992, lch 29)

Cuireann Lee fainic orainn gan aidhmeanna na staire a leathnú thar mar is féidir a sheachadadh leis an stair, lena n-áirítear tuilleadh spriocanna ginearálta pearsanta agus sóisialta san oideachas, agus atreisítear aidhm athraitheach na staire, a bhfuil spriocanna pearsanta agus sóisialta den sórt sin ag gabháil léi atá mar chuid di chun an stair a fhoghlaim. Go deimhin maíonn sé má 'thugtar tosaíocht d'aidhmeanna bunúsacha stairiúla, go n-athrófar an aidhm athraithe agus go ndéanfar féidearthacht réadúil de, agus ciallaíonn sé sin ansin go mbeidh seans éigin ann na haidhmeanna oideachasúla níos leithne a bhaint amach' rud atá i gcroílár argóint White (Lee, 1992).

Táthar ag súil go dtabharfaidh na hábhair mhachnaimh sin ar thosaíocht na staire sa tsochaí, ar a húsáid chun luachanna áirithe a chur chun cinn atá deartha chun comhtháthú sóisialta a chinntiú, a nádúr agus a haidhm mar ábhar scoile, a ról i gcomhthéacs creat oideachais níos leithne a bhfuil aidhmeanna agus spriocanna ginearálta ag gabháil léi, a caidreamh le hoideachas saoránachta agus an teannas is léir i dtuairimí difriúla maidir lena cuid aidhmeanna treoir don chuid eile den doiciméad seo, agus go spreagfaidh sé roinnt breis smaointeoireachta agus plé i rith chéim chomhairliúcháin dhearadh na sonraíocht nua staire don tsraith shóisearach.

# 2 An cleachtas idirnáisiúnta in oideachas staire

## 2.1 Réamhrá

Is éard atá sa rannán seo ná áit ina dtugtar léargas gairid ar roinnt cleachtais idirnáisiúnta maidir leis an stair a chur i láthair ar churaclaim scoile agus go háirithe peirspictíochtaí maidir le teagasc na staire.

## 2.2 An fiúntas atá le stair a fhoghlaim

Tá comhaontú go forleathan go hidirnáisiúnta maidir leis an bhfiúntas atá le stair a fhoghlaim. I Sasana, luaitear sa chlár staire ag Príomh-Chéim 3 (Key Stage 3) (ar ionann é go garbh agus an tríú bliain den tsraith shóisearach) gur chóir do theagasc na staire 'cur ar chumas daltaí ceisteanna géarchúiseacha a chur, smaoineamh go criticiúil, fianaise a mheá, argóintí a scagadh . . . peirspictíocht agus breithiúnas a fhorbairt, [cuidiú le scoláirí] tuiscint a fháil ar chomh casta is atá saol daoine, an próiseas athraithe, éagsúlacht sochaithe' (An Roinn Oideachais, 2013, lch 1).

I gcomhairle maidir le teagasc na staire i scoileanna na hAlban, d'aithin The Royal Society of Edinburgh (RSE) in 2011 an stair mar ghné lárnach in oideachas scoláirí iarbhunscoile. Deimhníodh ina tuairim oscailte

> Nach amháin go bhfuil sé de chumas ag an stair ionadh a chur orainn . . . agus samhlaíocht foghlaimeoirí a spreagadh; múineann sí príomhscileanna inaistrithe dúinn freisin . . . . Tá an stair, leis an mbéim atá aici ar chruthúnas, ar dhian-thástáil fianaise agus tuiscintí, ar shoiléire na smaointeoireachta agus léiriú tuairimí, agus ar fhorbairt argóintí stuama, ina cuid thábhachtach d'oideachas scoile sainchuspóireach (RSE, 2011, lch 1).

Ar an gcaoi chéanna, deimhnítear i siollabas staire New South Wales a haidhm mar cheann

> a spreagann spéis scoláirí ó thaobh . . . an saol atá caite a iniúchadh, braistint tuisceana géar a fhorbairt maidir leis an saol atá caite agus a thionchar ar an saol mar atá, agus na scileanna criticiúla d'fhiosrú stairiúil a fhorbairt agus cur ar chumas scoláirí a bheith rannpháirteach mar shaoránaigh atá gníomhach, ar an eolas agus freagrach. (Bord Staidéar NSW, 2013, lch 12)

Rud níos tábhachtaí fós, féachann sé ar an stair mar rud a mhíníonn conas a chuir daoine agus imeachtaí cruth ar ár ndomhan a chuideoidh le scoláirí 'iad féin a iniúchadh agus a thuiscint . . . i leanúntas thaithí an duine' (Bord Staidéar NSW, 2013, lch 10).

Rud ar díol suntais é faoi na ráitis seo ná go bhféachtar ar an ábhar mar ábhar a chuirfeá i bhfeidhm go praiticiúil, ina dtugtar na scileanna praiticiúla do scoláirí chun eolas a fháil agus a chur i bhfeidhm ag súil is go mbeidh siad in ann ról dearfach a bheidh acu amach anseo sa tsochaí.

Tá tuarascáil de chuid Eurydice maidir le dearadh na siollabas staire ar fud an Aontais Eorpaigh dar teideal *History in the Curriculum* spéisiúil sa mhéid is go léirítear ann an tábhacht choibhneasta a thugann ár gcomhpháirtithe san Eoraip do theagasc na staire mar chomhpháirt dá gcórais oideachais. As an 23 tír ar a ndearnadh suirbhé, bhí stair ag 15 acu mar ábhar as féin agus chuir 8 dtír teagasc na staire san áireamh mar chuid de chlár idirdhisciplíneach, cineál cosúil le staidéar sóisialta (Eurydice, 2010). Tá sé spéisiúil gur roghnaigh cúpla tír féachaint ar an stair mar eolaíocht shóisialta agus léiríonn sé sin cé go n-aithníonn siad an stair inti féin mar ghné thábhachtach den oideachas, aithníonn siad freisin gur féidir le foghlaim agus teagasc an ábhair a bheith mar chuid den phictiúr foriomlán áit a bhfuil stair, tíreolaíocht agus saoránacht idirspleách, nó ag brath ar a chéile. Go deimhin, is é sin an dearcadh a ghlac an Baccalaureate Idirnáisiúnta ar feadh blianta fada.

Sa Bheilg, cuireann pobal Pléimeannach béim ar scoláirí ag foghlaim ‘eolas agus scileanna maidir le ham, spás stairiúil agus sóisialtacht’ (Eurydice, 2010, lch 3). Bítear ag súil ó scoláirí i bPoblacht na Seice go mbeidh siad in ann ‘faisnéis a chuardach, a fháil agus a iniúchadh go neamhspleách astu féin’ ionas go dtuigfidh siad nach ‘cuid dúnta den saol atá caite í an stair . . . ach go gcuirtear ceisteanna léi freisin trína bhféachann an saol mar atá inniu ann siar ar an saol atá caite chun a charachtar comhaimseartha a aimsiú agus b’fhéidir an todhchaí’ (Eurydice, 2010, lgh 5-6). San Fhionlainn, luaitear an aidhm mar rud chun ‘treoir a thabhairt do scoláirí a bheith ina n-imreoirí freagracha a bhfuil a fhios acu conas feiniméin a ré féin agus an tsaoil atá caite a láimhseáil go criticiúil (Eurydice, 2010, lch 9). Aithnítear san Ungáir ‘ómós do luachanna, stair agus traidisiúin daoine eile’ mar sprioc lárnach (Eurydice, 2010, lgh 19). Tá sé mar aidhm ag curaclam staire na hÍoslainne ‘oscailteacht a spreagadh’ (Eurydice, 2010, lch 20) agus tá sé mar aidhm ag an Iodáil ‘fiosrú féinrialaitheach’ a chur chun cinn i measc scoláirí ionas go mbeidh siad in ann

> faisnéis stairiúil a bhailiú [ó fhoinsí éagsúla agus] iad a eagrú i dtéacs . . . naisc stairiúla a dhéanamh agus cás a dhéanamh bunaithe ar a gcuid smaointe féin, a gcuid eolais agus a scileanna a úsáid chun iad féin a shuí san am i láthair, cultúir agus tuairimí difriúla a thuiscint, [chun] fadhbanna bunúsacha an tsaoil chomhaimseartha a thuiscint. (Eurydice, 2010, lgh 27-28)

Bhí leagan amach sách spéisiúil ag The Royal Society of Edinburgh maidir leis an bhfiúntas a bhain le teagasc na staire. Mhaígh sé gurb í an stair 'an t-ábhar is leochailí chun míléamh claonta a dhéanamh air do chuspóirí idéalacha, ba cheart go mbeadh dearcadh disciplíneach maidir leis an Stair ina ghné thábhachtach in oideachas gach saoránach' (RSE, 2011, lch 2).  Tá contúirt mhór ag baint le bheith ag mí-úsáid na staire ar mhaith le díonteagasc agus bolscaireacht sheachantach. Dá bharr sin, d'fhéadfaí an argóint a dhéanamh gur chóir go bhfaigheadh gach saoránach cleachtadh ar fhaisnéis maidir leis an saol atá caite a léirmhíniú.

Tá na samplaí seo ann chun aird a tharraingt ar fhíric thábhachtach. Feiceann formhór tíortha staidéar ar an stair mar chomhpháirt thábhachtach in oideachas foriomlán daoine óga. Taispeánann an fhianaise thuas dúinn go bhféachtar ar an stair, i sochaí dhomhandaithe inarbh éigean an ceann is fearr a fháil ar oidhreacht choimhlinte agus ar chíor thuathail pholaitiúil agus suaitheadh sóisialta dá mbarr, mar rud riachtanach chun imeachtaí ón saol atá caite a úsáid chun tuiscint faoi shaol an lae inniu a chruthú agus chun rannchuidiú le todhchaí caoinfhulangach, rathúil.

## 2.3 Forbairt agus sealbhú scileanna

Sa réimse sealbhú scileanna, tugtar fianaise in *History in the Curriculum* (*Stair sa Churaclam)*, cé go gcuireann tíortha difriúla béim éagsúil ar an tábhacht go ndéanfadh scoláirí staidéar ar an stair, go bhfuil roinnt daoine ar aon intinn faoina bhfuil i gceist ag an stair a bhaint amach. Trí staidéar a dhéanamh ar an stair samhlaítear go bhforbróidh scoláirí

- an cumas iniúchadh a dhéanamh ar ábhair bhunaidh éagsúla
- tuiscint ar chroineolaíocht
- spéis fheasach sa domhan mórthimpeall orthu
- an cumas teacht ar pheirspictíochtaí éagsúla maidir leis na himeachtaí céanna
- eolas agus tuiscint ar imeachtaí sa saol atá caite agus an bhaint atá acu leis an saol anois
- an cumas a gcuid torthaí a chur in iúl ó bhéal agus i bhformáidí scríofa.

Tá clár oibre náisiúnta an-láidir ag an gcuraclam staire i Sasana ag Príomh-Chéim 3 agus sa chomhthéacs sin tá sé mar aidhm aige na nithe seo a fhorbairt ina chuid scoláirí

- scéalaíocht chiallmhar, chroineolaíoch
- tuiscint shoiléir ar théarmaíocht theibí
- tuiscint ar choincheapa mar leanúnachas agus athrú; cúis agus iarmhairt; cosúlacht, difríocht agus tábhacht
- an cumas naisc a dhéanamh, teacht ar chomparáidí, treochtaí a anailísiú, ceisteanna atá oiriúnach don stair a leagan amach, cuntais agus anailísí scríofa a chruthú atá soiléir agus struchtúrtha
- tuiscint ar fhiosrú stairiúil, conas a bhaintear leas as fianaise chun argóintí agus peirspictíochtaí atá i gcodarsnacht le chéile a chumadh (An Roinn Oideachais, 2013, lch 1).

Cuireann na cuspóirí sin ar chumas scoláirí a gcuid foghlama a rochtain agus cur leis i réimsí eile den churaclam meánscoile.

In New South Wales freisin, feictear staidéar ar an stair mar rud atá riachtanach chun meonta agus luachanna dearfacha a fhorbairt mar aon le scileanna a bhaineann le réiteach fadhbanna, smaointeoireacht chriticiúil, anailís chriticiúil, léirmhíniú ar fhoinsí éagsúla, mínithe réasúnta a fhorbairt bunaithe ar anailís ar fhoinsí agus príomhscileanna sa litearthacht (Bord Staidéar NSW, 2013, lch 10).

## 2.4 'An mórphictiúr' a fháil: Creata staire is féidir a úsáid

Rinneadh taighde suntasach ag Institiúid Oideachais Ollscoil Londan maidir leis an méid ba cheart a bheith ar eolas ag scoláirí agus a thuiscint ón méid staidéir atá déanta acu ar an stair. Rinneadh iniúchadh sa tionscadal *Usable Historical Pasts* ar conas atá tuiscint stairiúil in ann daoine aonair agus cultúir a chur i dtreo amháin ina saol agus conas a thacaíonn uirlisí mar chreata staire le scoláirí coinsias stairiúil a fhorbairt trí 'mórphictiúir is féidir a úsáid' den saol atá caite a fháil. Deirtear go bhféadfadh creat a bheith i bhfoirm forbhreathnú téamúil a mhúintear go tapa maidir le patrúin leathana athraithe a mbreathnófaí orthu arís is arís. I rith oideachas staire scoláire, dhéanfaí gach réimse nua staidéir a ionchorprú isteach sa chreat, agus leathnófaí amach é ansin agus d'athrófaí é le heolas agus tuiscint as an nua. Diaidh ar ndiaidh de réir mar a ghlacann an creat foirm scéil, bíonn sé mar 'mórphictiúr' ansin, ag tabhairt peirspictíochtaí difriúla dúinn chun deis a thabhairt do scoláirí tuilleadh ceisteanna a chur (Howson, 2007, lgh 41-43).

## 2.5 Measúnú

Deimhnítear i bpáipéar comhairle de chuid an Royal Society of Edinburgh maidir le forbairt *Scothchuraclam* na hAlban go bhfuil measúnú dea-fhorbartha 'riachtanach chun ráitis ghinearálta chruinne a dhéanamh maidir le rún i mbeartas curaclaim, agus a chinntiú go bhfuiltear ag baint aidhmeanna amach' (2011, lch 6). Ina theannta sin:

> tarlaíonn foghlaim éifeachtach sa Stair nuair a thugtar aird ar fhorbairt scileanna agus ar inneachar cruinn. Tá anailís stairiúil . . . agus cruinneas intleachtúil a bhaint amach . . . bunúsach ó thaobh ionracas agus aidhm an disciplín . . . Ba chóir go mbeifí ag súil go n-oibreodh foghlaimeoirí na hAlban . . . ag na caighdeáin is airde atá oiriúnach dá leibhéal féin laistigh den chóras scoile (RSE, 2011, lch 7).

Is treoir-fhrása lárnach é 'Oiriúnach dá leibhéal féin laistigh den chóras scoile' anseo.

I Sasana, aithnítear deacracht ar leith sa suirbhé ar Stair i scoileanna Shasana a rinne an Cumann Staire. Thug múinteoirí faoi deara an meath atá ag teacht ar líon na scoláirí atá i mbun staidéir ar an ábhar ag leibhéal GCSE agus iad ag piocadh gairmábhar nach 'bhfuil aon inneachar scrúdaithe acu agus íoscheanglais scileanna ag gabháil leo . . .[ach ag an am céanna] tá sé fós an-deacair pas a bhaint amach sa Stair...'(An Cumann Staire, 2010, lch 23). Tá dhá rud i gceist anseo. Ar an gcéad dul síos, sa stair, mar ábhar caithfidh an duine a bheith in ann eolas agus scileanna intleachtúla sách forbartha a bhaint amach agus a choinneáil, agus tá daoine ag dul i dtreo roghanna eile ábhair a mheasann siad atá níos éasca. Is cosúil go mbaineann an dara rud anseo leis an gcur chuige measúnaithe atá in úsáid nuair nach gcuirtear an t-ábhar chun cinn mar cheann atá inrochtana, mar chomhpháirt lárnach d'fhoghlaim agus de shealbhú scileanna oideachais na scoláirí.

## 2.6 Neamhspleáchas do scoileanna agus do mhúinteoirí

Tugtar faoi deara i gcuid mhaith de churaclaim thíortha na hEorpa le roinnt blianta anuas go bhfuil níos mó neamhspleáchais anois ag scoileanna agus ag múinteoirí. Tugtar le fios in *History in the Curriculum (Stair sa Churaclam)* i gcás 8 gcinn den 23 tír a ndearnadh suirbhé orthu, go n-eisíonn na Ranna Oideachais treoirlínte agus/nó spriocanna foghlama le haghaidh scoileanna ach is faoi na scoileanna aonair agus/nó na réigiúin é inneachar a gcuid siollabais a shocrú (Eurydice, 2010).

Agus an Scoth-Churaclam á fhorbairt san Albain, breithníodh an coincheap maidir le 'pas don fhoghlaim', ina dtógfaí san áireamh an stair a ndearnadh staidéar air mar chuid de Churaclam na Bunscoile agus a d'fhéadfaí a úsáid ansin chun cláir foghlama iomchuí a chur le chéile sa mheánscoil

(RSE, 2011, lch 6). San anailís dheiridh, roghnaigh Aireacht Oideachais na hAlban treoir neamhreachtúil a thabhairt cosúil leis sin atá i Sasana.

Tá neamhspleáchas an mhúinteora ó thaobh, mar shampla, an deis a bheith ag an múinteoir cúrsaí a chur le chéile de réir a shaineolas féin, de réir spéiseanna foghlama a chuid scoláirí agus de réir a chomhthéacs scoile ar leith coitianta freisin. Go deimhin, is é sin an cleachtas reatha i gCuraclam Staire na Bunscoile agus i siollabas Staire na hArdteistiméireachta in Éirinn. Tá deiseanna ollmhóra ag dul le cur chuige den sórt sin do mhúinteoirí, ó thaobh forbairt ghairmiúil leanúnach agus ag cinntiú nach n-éiríonn an fhoghlaim sa Stair leamh choíche. Tá na buntáistí do scoláirí ó thaobh forbairt a gcuid spéise, a dtuisceana agus a gcuid scileanna, suntasach. D'fhéadfadh sé béim a chur freisin ar an leibhéal ard saineolais agus gairmiúlachta atá ag múinteoirí. Mar sin féin, tá dúshlán roimh mhúinteoirí ó thaobh cláir staire a chur le chéile don chéad bhliain nuair atá easpa eolais ann maidir leis an méid atá foghlama roimhe sin ag scoláirí nua. Tugtar deis sa *Chreat don tSraith Shóisearach* neamhspleáchas níos mó a cheapadh do scoileanna agus do mhúinteoirí ranga i réimsí mar dearadh cúrsaí, roghnú téamaí, agus gníomhaíocht foghlama.

**Achoimre ar an gCaibidil**

Tá an tuairimíocht idirnáisiúnta maidir le tábhacht na staire in oideachas daoine óga ar mhaithe leo féin agus ar mhaithe leis an tsochaí seasmhach tríd is tríd. Tacaíonn staidéar ar an stair le daoine óga a dtuiscint ar an domhan mórthimpeall orthu a fhorbairt agus na rudaí a mbíonn tionchar acu ar an tuiscint sin, agus tá ceangal aige le coincheapa maidir le foghlaim ar feadh an tsaoil agus cumhachtú pearsanta chun cabhrú le scoláirí a n-áit féin a ghlacadh sa saol sin.

Comhpháirt thábhachtach den staidéar ar an stair go hidirnáisiúnta, is ea scileanna praiticiúla staraí a fhorbairt. Tugann sé sin an t-eolas do scoláirí faoi conas teacht ar fhaisnéis, agus forbraítear iontu an inniúlacht chun a gcuid torthaí a anailísiú, a tharraingt le chéile agus a chur in iúl go héifeachtach. Féachtar ar scileanna den sórt sin mar chinn atá áisiúil ar bhonn forbartha agus ar bhonn praiticiúil do scoláirí de réir mar a dhéanann siad dul chun cinn san oideachas.

Díríodh i dtaighde ar an bhfiúntas atá ann do scoláirí 'mórphictiúr' a fháil den saol atá caite trí chreataí stairiúla ina mbítear in ann léargas leathan, téamach a fháil ar athrú a thugann deis do scoláirí cúrsa a leagan amach dóibh féin sa saol agus ar féidir iad a mhionathrú le tuiscint agus le heolas nua.

Is iomaí cur chuige a úsáidtear le haghaidh measúnú agus tá teannas mór idir an mian atá ann nósanna imeachta measúnaithe láidre a bheith ann ina ndeimhnítear caighdeáin arda staidéir agus gnóthachtála, agus mian chun cúrsa staidéir inrochtana a dhéanamh den stair le haghaidh gach scoláire agus na modheolaíochtaí measúnaithe éagsúla is gá chuige sin.

Is cur chuige atá glactha i roinnt dlínsí é neamhspleáchas a thabhairt do scoileanna agus do mhúinteoirí chun ábhar cúrsa iomchuí a roghnú chun cuspóirí faoi shainordú an stáit a bhaint amach. Leis an tsolúbthacht a thugann sé sin do mhúinteoirí bíonn siad in ann staidéar ar an stair a dhéanamh ábhartha dá scoláirí ar leith agus é mar chuspóir go mbeidís ag gabháil go hiomlán don

# 3 An Teastas Sóisearach: an siollabas Staire

## 3.1 Réamhrá

Tugtar breac-chuntas sa chaibidil seo ar aidhmeanna agus ar inneachar shiollabas Staire an Teastais Shóisearaigh[1]. Leagfar amach ann freisin na modheolaíochtaí teagaisc éagsúla a sainaithnítear sa siollabas mar chinn atá oiriúnach agus indéanta. Ar deireadh, féachtar sa chaibidil seo ar na modheolaíochtaí measúnaithe a roghnaíodh mar bhealach chun breithiúnas a thabhairt ar fhoghlaim scoláire.

## 3.2 Stair sa Teastas Sóisearach: aidhmeanna

Luaitear i siollabas Staire an Teastais Shóisearaigh:

> Ba chóir go gcuirfeadh an stair ról an staraí i láthair daoine óga, agus na foinsí agus na teicnící a bhíonn in úsáid ag staraithe . . . Ba cheart go dtabharfadh sé sraith leathan imeachtaí, saincheisteanna, daoine agus bealaí saoil do dhaoine óga freisin trína féidir leo . . . patrúin a fheiceáil amhail cúis agus iarmhairt, athrú agus leanúnachas. Is sa saol atá caite a gheobhaidh siad fréamhacha an tsaoil chomhaimseartha. (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (ROE), 1989, lch 2)

Cuirtear an stair i láthair sa siollabas mar ábhar a bhfuil luach praiticiúil aige a chabhraíonn le scoláirí teacht ar thuiscint níos fearr faoin saol ina maireann siad. Cuirtear béim ar leith ar an gcúis nach dtarlaíonn imeachtaí agus forbairtí ina n-aonar; in ionad sin tógtar iad ar rudaí a tharla roimhe sin, ar nuálaíocht nó ar thaithí.

Ina theannta sin, tugtar le fios sa siollabas gur chóir a chuid spriocanna a bhaint amach trí chineálacha cur chuige solúbtha sa seomra ranga agus gur chóir staidéar a dhéanamh ar an stair ó pheirspictíochtaí éagsúla. Luaitear freisin gur chóir béim speisialta a chur ar dhearcadh croineolaíoch agus gur chóir don siollabas léiriú a thabhairt ar fhorbairt oideachasúil leanaí idir 12-15 bliana d'aois, sa mhéid is gur chóir

[1] Faigheann roinnt scoláirí blaiseadh den stair faoi láthair mar chuid de Staidéar Sóisialta agus Comhshaoil (SSC). Ní dhéanfar aon tagairt mhór don siollabas sin sa pháipéar seo. Cuirfear deireadh de réir a chéile le Staidéar Sóisialta agus Comhshaoil sna blianta beaga seo amach romhainn.

go n-éireodh an t-inneachar agus na scileanna stairiúla a chumhdaítear níos casta de réir a chéile i rith na sraithe sóisearaí.

Chomh maith le scoláirí a bheidh ag sealbhú eolais agus tuisceana maidir leis an saol comhaimseartha trí staidéar a dhéanamh ar an saol atá caite, samhlaítear sa siollabas gur chóir go bhforbróidís

- tuiscint choincheapúil agus an cumas smaoineamh go neamhspleách
- scileanna staraí
- dearcthaí dearfacha [lena n-áirítear] tiomantas maidir le hoibiachtúlacht agus cothroime
- an cumas breithiúnas a thabhairt ar dhaoine agus ar imeachtaí i gcomhthéacs a gcuid luachanna agus a gcuid ama
- spéis agus suim sa stair agus meas [dá] n-oidhreacht.

(ROE, 1989, lch 3)

Aithnítear na cuspóirí ginearálta sin mar chinn atá riachtanach i bhforbairt daoine óga chomh maith le daoine aonair cumasacha atá in ann ról gníomhach agus cinnte a ghlacadh sa saol mórthimpeall orthu. Is fiú a rá nach bhfuil an frása 'forbairt scileanna staraí' cáilithe ag siollabas Staire an Teastais Shóisearaigh ar bhealach atá oiriúnach do leanaí idir 12-15 bliana d'aois.

I measc na scileanna praiticiúla ina bhfuil sé beartaithe ag scoláirí forbairt a dhéanamh tá an cumas

- teacht ar fhianaise stairiúil
- anailís a dhéanamh ar ábhair bhunaidh
- croineolaíocht stairiúil shoiléir a fhorbairt
- idirdhealú a dhéanamh idir tuairim agus fíricí, claonadh agus bolscaireacht a aithint
- an tábhacht atá le hoibiachtúlacht a léirthuiscint.

Cuireann na trí cinn dheiridh sin brú mór ar scoláirí óga sa chohórt aoise sin.

Samhlaítear sa siollabas go dtiocfadh scoláirí ar thuiscint freisin faoin difríocht idir

- athrú agus leanúnachas
- cúis agus iarmhairt

- comparáid agus codarsnacht
- coimhlint agus comhréiteach
- cumhacht agus údarás
- cultúr agus saoránacht.

(ROE, 1989, lch 4)

Déanfar na nithe thuas go léir a fhorbairt trí

- thaighde agus scríbhneoireacht
- rogha faisnéise iomchuí
- nótaí a ghlacadh, catagóiriú, achoimriú
- scrúdú géar ar ábhair bhunaidh
- faisnéis agus/nó argóintí ó fhoinsí difriúla a shintéisiú
- a gcuid torthaí a chur i láthair agus a chur in iúl i bhformáidí scríofa, grafacha agus ó bhéal.

(ROE, 1989, lch 4)

Ar deireadh, samhlaítear sa siollabas go bhforbróidh scoláirí

> an claonadh a bheith críochnúil, agus a bheith in ann glacadh le comhthéacs stairiúil . . . A chinntiú go bhfuil an insint stairiúil comhsheasmhach leis an bhfianaise, a aithint go bhféadfadh níos mó ná léirmhíniú bailí amháin a bheith i gceist le fianaise, a aithint go bhfuil eolas stairiúil . . . easnamhach agus dá bhrí sin go bhféadfaí é a athbhreithniú nó a ath-léirmhíniú. (ROE, 1989, lch 4)

Fiú ón mbreac-chuntas teoranta seo ar an siollabas reatha, is léir go bhfuil sé uaillmhianach ó thaobh scóipe de. Mar sin féin, tá ceist faoi cibé an bhfuil an raon foghlama a aithníodh oiriúnach do leanaí idir 12 agus 15 bliana déag. Is cinnte gur féidir a rá gur scileanna ardleibhéil agus dúshlánach iad líon mór de na scileanna ar tugadh breac-chuntas orthu.

## 3.3 Stair sa Teastas Sóisearach: aidhmeanna

Tá siollabas Staire an Teastais Shóisearaigh roinnte i dtrí chuid:

a. Conas a fhaighimid amach faoin saol atá caite: an seandálaí agus an staraí, an duine réamhstairiúil agus Éire luath-Chríostaí; ár bhfréamhacha sa tsibhialtacht ársa; Éire in Eoraip na meánaoise; an Renaissance.

b. Staidéar ar athrú: taiscéalaíocht; an Reifirméisean; plandáil in Éirinn; gluaiseachtaí réabhlóideacha; ón bhfeirm go dtí an mhonarcha.

c. Tuiscint ar an saol nua-aimseartha: forbairtí polaitiúla in Éirinn ag deireadh an 19ú agus 20ú haois; caidreamh idirnáisiúnta sa 20ú haois; athrú sóisialta sa 20ú haois.

Sa réimse a bhaineann le difreáil, meastar gur beag idirdhealú a bheidh idir an t-ábhar a bheidh á chumhdach ag scoláirí Ardleibhéil nó Gnáthleibhéil go dtí na céimeanna deiridh den tríú bliain. Rinneadh é sin ar dtús báire lena chinntiú, chomh mór agus ab fhéidir, nach ndéanfaí deighilt idir scoláirí (iad sin a bhí i mbun Ardleibhéil nó iad sin a bhí i mbun Gnáthleibhéil) róluath sa tsraith rud a chinnteodh dá réir sin 'nach n-éilíonn an siollabas sruthú' (ROE, 1998, lch 2).

## 3.4 Stair sa Teastas Sóisearach: Modheolaíochtaí teagaisc

Is minic go mbíonn tionchar ag lear mór tosca a bhaineann leis an scoil agus le comhthéacs an mhúinteora chomh maith le héilimh an chúrsa atá i gceist ar na modheolaíochtaí teagaisc a chuireann an múinteoir i bhfeidhm. Agus comhairle á tabhairt maidir leis na cineálacha cur chuige teagaisc atá ag teacht leis an siollabas, rinneadh roinnt moltaí a d'fhéadfadh múinteoirí a chur i bhfeidhm sna *Treoirlínte Athbhreithnithe do Mhúinteoirí* a foilsíodh i 1998. Ina measc sin:

- scoláirí ag cur taisceadán todhchaí i dtalamh
- cur chuige bleachtaire a ghlacadh agus scéal a thógáil ó leideanna ag úsáid 'fíor-iarsmaí ó thréimhsí éagsúla'
- fianaise a scrúdú agus a rangú
- craobhacha ginealaigh a fhorbairt
- an tsochaí mheánaoiseach a iniúchadh trí na gnéithe atá fós ann (caisleáin, mainistreacha, eaglaisí, etc.)

- bileoga oibre agus tasc-chártaí a úsáid chun an méid a fhoghlaimítear ar thurais allamuigh a chomhdhlúthú
- péintéireachtaí a úsáid chun comparáidí a dhéanamh idir treochtaí in ealaín, dealbhóireacht agus ailtireacht an Renaissance
- cur chuige beathaisnéise maidir le daoine a bhfuil tábhacht shonrach stairiúil ag baint leo a láimhseáil
- amlínte a fhorbairt chun cabhrú le scoláirí imeachtaí a leagan síos i scéal comhtháite
- an úsáid a bhaintear as ról-imirt agus díospóireacht
- anailís bunaithe ar acmhainní de léaráidí comhaimseartha, léarscáileanna, staitisticí, agus scannáin
- stair ó bhéal agus obair thionscadail a thiomsú.

(ROE, 1998, lch 5)

Is rudaí praiticiúla iad líon mór de na modhanna seo rud a thugann le fios go gcuirtear béim sa siollabas staire ar scileanna praiticiúla a fhorbairt agus ar bheocht a thabhairt don ábhar do scoláirí; ag taispeáint do scoláirí go bhfuil stair gach áit mórthimpeall orthu agus gur cuid den stair iad, agus go bhfuil ról tábhachtach acu i ngach gné de shaol na scoile.

## 3.5 Stair sa Teastas Sóisearach: Measúnú i gcomhair scrúdú

Bíonn scrúduithe ag an Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal (2.5 uair an chloig agus 1.5 uair an chloig faoi seach), i Stair sa Teastas Sóisearach, á leagan síos agus á ngrádú ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit. I ngach scrúdú bíonn ceisteanna a bhaineann le foinsí pictiúrtha, fianaise bhunaidh scríofa, ceisteanna a bhfuil freagra gearr le tabhairt orthu, ceisteanna beathaisnéise cosúil le haistí, agus sa dá chuid dheiridh den pháipéar Ardleibhéil tá meascán ceisteanna gearra, i bhfoirm alt agus ceisteanna bunaithe ar fhianaise. Tá sé leagtha amach go maith sa mhéid is go n-éiríonn sé níos casta ó cheisteanna ísealoird go dtí ceisteanna ardoird de réir mar a théann ábhar an scrúdaithe ar aghaidh.

Sa scrúdú bítear ag súil go léireoidh scoláirí eolas agus tuiscint orthu seo a leanas, i measc rudaí eile:

- treochtaí stairiúla, saincheisteanna agus imeachtaí atá sonraithe sa siollabas
- an tionchar a bhíonn ag daoine aonair agus ag institiúidí agus an t-idirghníomhú eatarthu
- na cineálacha foinsí stairiúla agus a n-úsáid

agus scileanna a chuirfeadh ar chumas scoláirí na rudaí seo a leanas a dhéanamh, agus rudaí nach iad:

- téarmaí stairiúla a úsáid ina gcomhthéacs ceart
- léirmhíniú agus imscrúdú criticiúil a dhéanamh ar ábhair bhunaidh phríomha agus thánaisteacha
- faisnéis a shintéisiú
- faisnéis a chur i láthair agus a chur in iúl i bhformáidí scríofa, grafacha agus ó bhéal
- a dtuiscint ar choincheapa stairiúla a chur i bhfeidhm agus iad ag láimhseáil saincheisteanna stairiúla.

(ROE, 1989, lch 9)

Léiríonn siad sin raon scileanna leathana do scoláirí 15 bliana déag a chaithfidh siad a bheith ar a dtoil acu taobh istigh de thrí bliana, fiú más ar leibhéal íseal féin é. Is rud spéisiúil é freisin, go luaitear i siollabas Staire an Teastais Shóisearaigh, 'Féadfar soláthar a dhéanamh i gcomhair comhpháirt scoilbhunaithe do na scoileanna sin ar mian leo leas a bhaint as an rogha sin iad féin' (ROE, 1989, lch 9). Cé go bhféadfadh sé gur éascaigh sé sin measúnú níos iomláine ar scileanna staraí mar a samhlaíodh agus dá bhrí sin, íomhá níos iomláine de chumas agus de ghnóthachtáil foriomlán scoláire, ní dhearnadh an leathnú sin ar sceideal an mheasúnaithe. I gcomhthéacs an *Chreata don tSraith Shóisearach* tá deis ann iniúchadh a dhéanamh ar conas is féidir le raon cur chuigí aghaidh a thabhairt ar mheasúnú raon foghlama níos cuimsithí ná mar ab fhéidir a dhéanamh sa chóras reatha.

**Achoimre ar an gCaibidil**

Is cúrsa forleathan agus uaillmhianach é an siollabas Staire sa Teastas Sóisearach. Féachann sé le tús eolais a thabhairt do scoláirí ar ról an staraí agus léiríonn sé an chaoi ar chuidigh tuiscint ar dhaoine agus ar eachtraí roimhe seo chun cruth a chur ar an domhan mórthimpeall orthu. Tá sé mar aidhm leis freisin scoláirí a éascú chun tuiscint a fhorbairt maidir lena n-áit féin sa saol agus na róil is féidir leo a bheith acu sa saol sin.

I dtéarmaí forbairt scileanna, tá siollabas Staire an Teastais Shóisearaigh an-uaillmhianach go deo. Tá sé mar aidhm ag an gcúrsa a thaispeáint do scoláirí cén áit ar féidir ábhair bhunaidh a aimsiú, cumas a fhorbairt iontu chun idirdhealú a dhéanamh idir fianaise iontaofa agus nach bhfuil iontaofa agus an fiúntas atá le roinnt ábhar bunaidh a bhaineann leis an ábhar céanna a thuiscint. Níos suntasaí fós, b'fhéidir, tá sé mar aidhm ag an gcúrsa an cumas a fhorbairt i scoláirí na sraithe sóisearaí faisnéis a shintéisiú ó fhoinsí éagsúla agus a gcuid torthaí a chur in iúl i bhformáidí scríofa, amhairc agus ó bhéal. Sin scileanna cognaíocha ardleibhéil atá dúshlánach.

Is féidir ceist a chur faoi chomh mór is atá aidhmeanna an tsiollabais agus cibé an bhfuil forbairt na scileanna ardleibhéil atá samhlaithe oiriúnach don chohórt aoise lena mbaineann, nó go deimhin, is féidir a rá go bhfuil leibhéil cumais éagsúla i gceist leo. Mar gheall ar an líon mór ábhar atá le cumhdach sa chúrsa cuirtear deacrachtaí móra praiticiúla faoi bhráid múinteoirí a dhéanann iarracht cothromaíocht a bhaint amach idir an cúrsa a chumhdach agus na scileanna atá leagtha síos a fhorbairt i measc a gcuid scoláirí. Is cinnte nach bhfuil modheolaíochtaí measúnaithe mar atá siad faoi láthair,

# 4 Stair i scoileanna

## 4.1 Réamhrá

Chun léargas a fháil den mhéid a tharlaíonn nuair a fhoghlaimítear agus nuair a mhúintear an stair i seomraí ranga, tarraingítear sa chuid seo den pháipéar ar shonraí cigireachta an ábhair ó 2004 i leith agus ar an Tuairisc is déanaí ó Phríomhscrúdaitheoir Choimisiún na Scrúduithe Stáit, mar aon le hanailís chriticiúil ar an gcleachtas reatha.

## 4.2 Ag féachaint ar an stair

Tiomsaíodh an páipéar *Ag Féachaint ar an Stair* (2006) ar bhonn 50 tuairisc cigireachta ar ábhair a rinneadh idir na blianta 2004-2006. Ní mór a rá anseo cé go dtugann an taighde seo an léargas is cuimsithí atá ar fáil den chleachtas atá i réim i bhfoghlaim agus i dteagasc na staire, tá sé deich mbliana d'aois ag an bpointe seo. Cé go mbeidh go leor den mhéid a ndearnadh cur síos air i dtuairisc 2006 le feiceáil i seomra ranga 2016, seans maith go bhfuil athrú mór tagtha ar an bhfoghlaim agus ar an teagasc ó lá go lá idir an dá linn.

Foilsíodh an tuairisc chun cuidiú le scoileanna agus le múinteoirí go sonrach an stair a fheabhsú ar fud raon na réimsí go léir a bhfuil breac-chuntas orthu (ROE, 2006, lch 2). Is iad seo na réimsí ar a ndearnadh anailís

1) soláthar ábhar agus tacaíocht scoile uile
2) pleanáil agus ullmhú
3) teagasc agus foghlaim
4) measúnú agus gnóthachtáil.

### 4.2.1 Soláthar ábhar agus tacaíocht scoile uile

Ó thaobh soláthar ábhar agus tacaíocht scoile uile, fuarthas amach in *Ag Féachaint ar an Stair:*

- gur gnáthrud é trí thréimhse ranga in aghaidh na seachtaine a thabhairt sa tsraith shóisearach

- i gcuid mhaith scoileanna, bhí stair éigeantach ag an leibhéal sin
- thug múinteoirí freagra an-dearfach ar an tacaíocht a thug Buíon Inseirbhíse na Staire[2]
- bhí lear mór modheolaíochtaí teagaisc níos éasca toisc, nuair ab fhéidir é, gur cuireadh seomra staire ar leith nó seomraí ranga do mhúinteoirí ar fáil agus ar ndóigh chuidigh an fás mall ach fás ag an am céanna, ar úsáid TFC chun stair a theagasc, leis an scéal.

I measc na moltaí bhí go gcuirfí stair ar fáil i ngach clár de chuid na hIdirbhliana; go mbeadh múinteoirí saor chun tabhairt faoi fhorbairt ghairmiúil leanúnach (CPD); go ndéanfaí forbairt bhreise ar leabharlanna scoile agus ar theagmháil le gníomhaireachtaí tacaíochta seachtraí; agus go gcuirfí rochtain níos fearr ar fáil ar an seomra ríomhairí (ROE, 2006, lch 14). Tríd is tríd is féidir a rá go bhfuiltear sásta amach is amach leis an soláthar sa scoil uile don stair.

### 4.2.2 Pleanáil agus ullmhú

Sa réimse a bhain le pleanáil agus ullmhú, luadh sa tuairisc 'Chuir formhór na múinteoirí . . . fianaise shásúil i láthair de phleanáil aonair' agus moladh 'mar dhea-chleachtas ... an líon méadaitheach scoileanna [atá ag gabháil] don phleanáil ábhair ar bhonn níos foirmiúla ná roimhe seo...' (ROE, 2006, lch 24). Luadh sa tuairisc gur tacaíocht fiúntach iad na cruinnithe foirmiúla maidir le pleanáil ábhair chun pleanáil chomhoibritheach a fhorbairt chun tacú le teagasc agus foghlaim na staire. Mar sin féin, tugadh le fios sna moltaí go raibh scóip ann chun feabhas mór a dhéanamh chuige sin. Is cosúil go raibh múinteoirí aonair ag obair go maith chun ranganna a phleanáil agus chun obair a ullmhú dá gcuid scoláirí, ach nár leanadh suas é sin i gcónaí ar bhonn na n-ábhar go léir. Aithníodh forbairt agus coinneáil leictreonach na gcáipéisí pleanála mar áis is féidir a chur in oiriúint agus a scaipeadh go héasca ó thaobh na pleanála agus ó thaobh an ullmhúcháin atá éasca a scaipeadh ar bhonn duine aonair agus ranna (ROE, 2006, lch 24) agus léirítear ann réiteach nach bhfuil róchasta ar cheisteanna cumarsáide agus pleanála laistigh de scoileanna.

### 4.2.3 Teagasc agus foghlaim

[2] Bunaíodh Buíon Inseirbhíse na Staire in 2003 chun an Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach a tairgeadh do mhúinteoirí nuair a tugadh isteach siollabas athbhreithnithe Staire na hArdteistiméireachta a dhearadh, a éascú, agus a mheasúnú.

Ó thaobh an teagaisc agus na foghlama de, aithníodh roinnt torthaí dearfacha. Rud spéisiúil, go bhfacthas 'éagsúlacht mhór straitéisí éifeachtacha' (ROE, 2006, lch 36). Tugadh faoi deara cé go raibh formhór na gceisteanna á gcur ag an múinteoir, go bhfacthas an difreáil sin go soiléir trí cheisteanna ísealoird agus ardoird a mheascadh go héifeachtach. Cuireadh béim láidir ar théarmaí agus ar dhátaí deacra a thuiscint. Chonacthas obair shuntasach rathúil ó thaobh ábhar stairiúil a dhéanamh ábhartha do chomhthéacs agus do thaithí chomhaimseartha an scoláire féin. Chonacthas go rabhthas ag baint feidhm éifeachtach as ábhar tacaíochta agus i gcás ina raibh TFC mar chuid rialta den idirghníomhú sa seomra ranga, d'éirigh go han-mhaith leis. Ina theannta sin, cé gur tugadh faoi deara go raibh an clár cailce/clár bán fós ar an bpríomh-acmhainn a bhí in úsáid ag múinteoirí; bhí sé an-éifeachtach nuair a bhí sé leagtha amach go soiléir agus atreisithe ag rannpháirtíocht an scoláire, agus ceisteanna uathu agus glacadh nótaí. Ar an taobh eile den scéal, deirtear sa tuairisc gur 'fionnadh fianaise theoranta d'obair i ngrúpaí, obair i bpéirí agus modhanna nuálacha eile' (ROE, 2006, lch 36). Tugadh foláireamh freisin, 'Ní spreagtar an iomad úsáide de gan ach sleachta as téacsleabhair a léamh os ard mar mhodh'. Cé go ndealraítear nach cleachtas coitianta é sin, is cosúil toisc é a bheith sa liosta moltaí gur tugadh modheolaíochtaí teagaisc aontoiseacha faoi deara, i roinnt cásanna. (ROE, 2006, lch 34).

Cé gur léir go raibh teagasc sa seomra ranga éifeachtach go minic is léir freisin nach raibh cur chuigí foghlama gníomhaí mar bhunús ag an timpeallacht foghlama a bhí ann don stair in 2006.

### 4.2.4 Measúnú agus gnóthachtáil

Sna réimsí measúnaithe agus gnóthachtála, tugadh ar aird in *Ag féachaint ar an stair* 'coimeádann múinteoirí i gcoitinne taifid mhaithe ar ghnóthachtáil na mac léinn agus tuairiscíonn siad ar dhul chun cinn ar mhodh struchtúrtha rialta do thuismitheoirí nó do chaomhnóirí' (ROE, 2006, lch 45). Ina theannta sin, 'ba iad na straitéisí measúnaithe ba choitianta . . . ná ceisteoireacht bhéil, sannadh na hoibre baile, agus . . . trialacha gearra ó am go ham' (ROE, 2006, lch 45). Chonacthas an obair thionscadail ní b'annaimhe ag múinteoirí chun Stair sa Teastas Sóisearach a iniúchadh agus a mheasúnú agus go raibh an Ardteistiméireacht athbhreithnithe ag tabhairt deiseanna maithe chun iniúchadh a dhéanamh ar an modh measúnaithe sin agus 'moltar an obair atá déanta ag múinteoirí chun éascaíocht a dhéanamh do thaighde agus d'obair thionscadail na mac léinn' (ROE, 2006, lch 45). Tá an ráiteas sin spéisiúil agus tugtar le fios ann nuair a theastaíonn taighde agus obair thionscadail éigin sa mheasúnú deiridh, go bhfuil an saineolas ag múinteoirí an cineál sin foghlama a éascú.

Moladh sa tuairisc '[go spreagfaí] modhanna measúnaithe éagsúla, lena n-áirítear modhanna amhairc, i ranganna cumais mheasctha, go háirithe má chuidíonn sé le mic léinn ag a bhfuil cumais litearthachta níos ísle', agus dúradh 'tacaíonn na cigirí go láidir le ceartú pearsanta na hoibre baile agus le barúlacha na múinteoirí mar mhodhanna measúnaithe mhúnlaithigh. Chomh maith leis sin, moladh an úsáid a baineadh as páipéir scrúdaithe dheireadh an téarma le haghaidh gach rang i ngrúpa bliana ar leith mar mhodh chun dul chun cinn scoláirí a thomhas ar fud scoile iomláin. Chonacthas mar rud tábhachtach freisin gach spreagadh chun é sin a dhéanamh a thabhairt do gach mac léinn Teastais Shóisearaigh a mheastar atá i gcumas páipéir ardleibhéil a sheasamh (ROE, 2006, lch 46).

Is léir ó na moltaí sin gurbh éigean modheolaíochtaí measúnaithe na staire a leathnú amach in 2006 chun an oiread foghlaimeoirí agus ab fhéidir a chuimsiú. Ina theannta sin, spreagadh múinteoirí ranga chun béim níos mó a chur ar fhorbairt scileanna foghlama agus scileanna praiticiúla stairiúla trí theicnící measúnú foirmitheach ná mar a bhíothas a dhéanamh.

## 4.3 Anailís ar na tuairiscí cigireachta ar ábhair

Tugann anailís eile den tagairt do Stair sa Teastas Sóisearach i 18 dtuairisc chigireachta ar ábhair ó 2004 go dtí 2014 léargas níos nuaí dúinn ar fhoghlaim agus ar theagasc. Tá tábla thíos ina dtugtar na príomhréimsí de theagasc, pleanáil agus cleachtas éifeachtach ar cosúil go bhfuil faoin gcigireacht tacú leo chun stair a mhúineadh agus feidhmíocht an tsampla thar thrí chatagóir ghrádaithe.

| | An-mhaith | Go maith | Forbairt de dhíth |
|---|---|---|---|
| **Caighdeán an teagaisc agus na foghlama** | 11 | 5 | 2 |
| **Caidreamh idir an múinteoir-scoláire** | 5 | 12 | 1 |
| **Tacaíocht sa scoil uile** | 5 | 11 | 2 |
| **Pleanáil na roinne** | 4 | 7 | 7 |
| **Éagsúlacht na modheolaíochtaí teagaisc** | 5 | 11 | 2 |
| **Úsáid TFC & ábhair amhairc[3]** | 5 | 2 | 4 |

[3] Ní dhearnadh aon tagairt do TFC nó d'ábhair spreagthacha amhairc i seacht gcinn de na tuairiscí cigireachta ar ábhair.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Measúnú foirmitheach agus suimitheach**[4] | 2 | 9 | 4 |

Is cóir a thabhairt ar aird nach amháin go mbaineann na tuairiscí cigireachta ábhair leis an Teastas Sóisearach ach baineann siad freisin le gníomhaíocht foghlama agus teagaisc san Idirbhliain agus san Ardteistiméireacht.

Sa tábla thuas tugtar roinnt treochtaí spéisiúla maidir le teagasc na staire ar leibhéal an Teastais Shóisearaigh. Ceann is fiú a mholadh ná go bhfacthas caighdeán teagaisc agus foghlama maith nó an-mhaith sna ranganna i 16 as 18 dtuairisc. Is ábhar misnigh go bhfuil caighdeán na foghlama a tugadh faoi deara ard, agus an caidreamh idir an múinteoir agus an scoláire freisin. Feictear mar rud deimhneach freisin éagsúlacht na modheolaíochtaí teagaisc atá i bhfeidhm ag múinteoirí mar aon le húsáid ábhar amhairc spreagthach, agus thug formhór na gcigireachtaí tuairisc shásúil ar an measúnú a rinneadh ar fhoghlaim an scoláire. Ní mór a rá freisin go dtugtar le fios sna tuairiscí cigireachta go dteastaíonn fócas níos mó ar mheasúnú foirmitheach seachas ar mheasúnú suimitheach. B'fhéidir gurb é an rud is mó a chuirfeadh díomá ar dhuine ná líon ard na rannán staire ar aibhsíodh an phleanáil mar réimse a raibh imní fúithi, agus cuireadh béim faoi leith ar fhorbairt scéimeanna oibre gach bliain. Bhí tacaíochtaí ar fáil freisin le haghaidh na feidhme pleanála ag an am sin agus go deimhin tagraíonn sé sin do thréimhse ina raibh an Tionscnamh um Phleanáil Fhorbartha Scoile (SDPI) agus na cláir HIST i bhfeidhm. Bhí an chéad ghníomhaireacht acu sin, áfach, ag plé le teimpléid phleanála ginearálta a sholáthar agus ní raibh sé i gceist riamh go mbeadh HIST dírithe go príomha ar phleanáil ábhair-rannach.

## 4.4 Tuairiscí an Phríomhscrúdaitheora

Tá trí Thuairisc curtha le chéile ag an bPríomhscrúdaitheoir maidir le Stair sa Teastas Sóisearach ó tugadh isteach an siollabas nua i 1989, agus cuireadh le chéile iad in 2001, 2005 agus 2008.

[4] Ní dhearnadh aon tagairt do straitéisí measúnaithe in dhá thuairisc chigireachta ar ábhair.

### 4.4.1 Gnáthleibhéal

An rud is suntasaí ar fad faoi Thuairiscí an Phríomhscrúdaitheora a bhaineann leis an leibhéal sin ná leanúnachas a gcuid torthaí síos tríd na mblianta. Luaitear sna trí thuairisc go léir gur beag iarracht a rinne iarrthóirí a scóráil go híseal seachas rannóg a haon agus dó den scrúdú. 'Is beag eolais má bhí aon eolas ag na hiarrthóirí sin ar ábhar agus is beag scileanna stairiúla a thaispeáin siad nó níor thaispeáin siad aon cheann in aon chor' (Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) 2001, lch 7; 2005, lch 10 & 2008, lch 8). Tugtar faoi deara i ngach tuairisc freisin go raibh deacracht ag iarrthóirí 'an t-ábhar ba theibí a láimhseáil' (CSS, 2001; 2005; 2008).

Tá na moltaí sna trí thuairisc go léir cosúil lena chéile a bheag nó a mhór. Spreagtar an scoláire chun gach ceist a fhreagairt, tagairt a dhéanamh do thuairimí pearsanta (chonacthas athfhriotail dhíreacha ó fhoinsí mar dhroch-rogha) agus cé gurb é príomhfhócas an ábhair an t-athrú sóisialta, roghnaítear sa tuairisc béim a chur 'gur chóir don choincheap maidir le hathrú a bheith mar chuid lárnach de ... Stair shóisialta na hÉireann' (CSS, 2001, lch 8; 2005, lch 11; 2008, lch 9).

### 4.4.2 Ardleibhéal

Tá cúrsaí níos fearr ag an Ardleibhéal. Luaitear i ngach ceann de thrí Thuairisc an Phríomhscrúdaitheora gur bhain 70% de na scoláirí grád C nó níos fearr amach agus go raibh gráid E, F agus NG le feiceáil i 'gcnuasaigh' ag tabhairt le fios go mb'fhéidir gur thug na hiarrthóirí sna scrúduithe faoi leibhéal nár fheil dóibh.

I measc phríomh-mholtaí na dtuairiscí bhí siad seo a leanas:

- go dtabharfadh múinteoirí aird ar leith ar na saincheisteanna a bhaineann le croineolaíocht agus comhthéacs stairiúil
- nuair a bhíonn sé ag scríobh faoi phearsa sa stair, gur chóir don scoláire díriú ar a slí bheatha, a saothar agus ar éachtaí an duine sin
- ba chóir d'iarrthóirí na hathruithe atá tarlaithe sa stair shóisialta a shonrú agus cén tionchar a bhí acu sin ar shaol daoine.

(CSS, 2001, lch 16; 2005, lch 23; 2008, lch 16)

## 4.5 Léirthuiscint ar phríomhsaincheisteanna

Ceist is fiú a phlé is ea chomh mór is a bheifí ag súil i ndáiríre go mbeadh daoine óga idir 12 agus 15 bliana déag in ann staidéar a dhéanamh ar stair an duine, ón duine réamhstairiúil go dtí stair shóisialta an 20ú haois i dtréimhse ama trí rang sa tseachtain go minic. Sa chomhthéacs sin, tarlaíonn sé fiú do na múinteoirí is tiomanta agus is fearr atá againn go mbíonn deacracht mhór acu aidhmeanna beartaithe an tsiollabais a bhaint amach. Cé go ndéantar iarracht ann forbhreathnú a bhfuil géarghá leis a thabhairt do scoláirí, ní bhítear in ann go minic le cúrsa staidéir atá chomh leathan sin ach cumhdach fánach a dhéanamh ar gach topaic agus cuireann sé sin isteach go tromchúiseach ar fhorbairt na scileanna stairiúla iomchuí. D'fhéadfaí an argóint a dhéanamh go ndéanfadh cúrsa, atá teoranta d'aon turas ó thaobh raoin de, deis dul níos doimhne sa staidéar agus go dtabharfaí dóthain ama chun líon roghnaithe de na scileanna stairiúla a fhorbairt.

Thug Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna ina doiciméad *Ag Féachaint ar an Stair: Múineadh agus Foghlaim na Staire i Scoileanna Iarbhunoideachais* le fios go raibh imní arís is arís ar mhúinteoirí 'ó thaobh inneachar an tsiollabais a chlúdach agus . . . leis an obair thaighde laistigh de na teorainneacha ama lena bhfuiltear ag súil' (ROE, 2006, lch 3). Ina theannta sin, déantar an bhéim a chuirtear ar fhorbairt scileanna praiticiúla seandálaí/staraí scoláire a éascú go minic trí rochtain a bheith ar láithreáin stairiúla a bhfuil tábhacht leo. Is léir go ndeachaigh na scoláirí ar chuairteanna dea-phleanáilte chuig láithreáin a raibh tábhacht stairiúil leo go háitiúil nó go náisiúnta rud ar ndóigh a chuirfeadh feabhas ar a gcuid foghlama agus an léirthuiscint a bhí acu ar an stair. Mar sin féin, i gcuraclam plódaithe agus rannóga ábhair eile ag iarraidh rudaí den chineál céanna ar phríomhoidí scoile sa tsraith shóisearach agus shinsearach araon, is minic go mbíonn deacrachtaí ag múinteoirí leis an am a chaitheann siad féin agus a gcuid scoláirí amuigh as an rang. Anuas air sin, nuair a bhíonn na scileanna praiticiúla a bhaineann le doiciméid bhunaidh a imscrúdú le forbairt ní mór rochtain éasca a bheith ar raon leathan ábhar den sórt sin. Sular forbraíodh an t-idirlíon (níor tugadh naisc leathanbhanda isteach go dtí luath sna 2000idí) bheadh sé sin thar a bheith deacair ar mhúinteoirí i gceantair faoin tuath agus go deimhin tá an fhadhb sin in áiteanna i gcónaí ag brath ar luas an leathanbhanda atá ar fáil.

Ar bhonn ginearálta, tá siollabas Staire 1989 an Teastaigh Shóisearaigh ag cur mór-dhúshláin phraiticiúla os comhair múinteoirí i gcónaí. Cé go ndéanann múinteoirí agus scoileanna iarracht mhór

an ceann is fearr a fháil ar na dúshláin sin, is léir go raibh roinnt aidhmeanna i siollabas Staire an Teastais Shóisearaigh a bhí dodhéanta.

Tá fianaise ann d'iarrachtaí móra na múinteoirí maidir leis sin. I staidéar dar teideal *Gender Perspectives and Junior Cycle History*, thug 249 duine a thug freagra ar shuirbhé faoi mhodheolaíochtaí teagaisc le fios go raibh téacsleabhair, a bhíonn in úsáid go rialta ag 97% de mhúinteoirí, ar an bpríomh-acmhainn a úsáidtear i seomraí ranga. I measc na n-acmhainní eile a bhíonn in úsáid; físeáin a bhíonn in úsáid ag 89%, léarscáileanna agus cairteacha in úsáid ag 66%, osteilgeoirí ag 59%, pacáistí acmhainne ag 50%, doiciméid ag 49%, ábhar ar facs ag 42% agus sleamhnáin ag 23%. Bhí an t-idirlíon in úsáid freisin ag 62% agus CD-ROM in úsáid ag 29% (Raftery et al., 2004, lch 32). Ar an drochuair, níor fiosraíodh in aon chor sa staidéar cé chomh minic is a húsáideadh na hacmhainní sin ach tugtar le fios ann go ndéanann múinteoirí iarracht an leas is fearr a bhaint as modheolaíochtaí teagaisc éagsúla nuair a bhíonn acmhainní sách maith ar fáil.

Cé go bhfuil an staidéar as dáta cuid mhaith (2004), rinneadh iniúchadh níos doimhne in *Gender Perspectives and Junior Cycle History* maidir le cur chuige na múinteoirí do phleanáil theagasc na staire. Ba iad na ceithre mhór-ábhar ar tagraíodh dóibh nuair a bhí cinneadh á dhéanamh faoi na modheolaíochtaí a bhí le glacadh ná

- rún nó mian go leathnófaí eolas na ndaltaí ar an stair (26%)
- an seans go dtiocfadh an topaic suas ar an bpáipéar scrúdaithe (25%)
- leibhéal cumais na ndaltaí (21%)
- an cur amach a bhí ag an múinteoir féin ar na topaicí (13%).

(Raftery et al., 2004)

I measc na dtuairimí a nochtadh bhí imní faoin méid ábhar a bhí le cumhdach taobh istigh de shrianta ama an-ghearr agus dá bharr sin 'tá téacsleabhair ar an bpríomhuirlis teagaisc ag múinteoirí staire' (Raftery et al., 2004, lch 35). Fuair múinteoirí spreagadh go príomha ó ábhar cúrsa a dhéanamh inrochtana dá scoláirí agus scoláirí a ullmhú do na scrúduithe stáit. Sa taighde seo, is deacair imní mhór a thabhairt faoi deara maidir le forbairt scileanna praiticiúla stairiúla mar atá leagtha síos i siollabas Staire an Teastais Shóisearaigh. Mar sin féin, mar gheall ar an lear mór ábhar atá le cumhdach sa chúrsa taobh istigh de shrianta móra ama, is sprioc dúshlánach i gcónaí é scileanna den sórt sin a fhorbairt.

Ba cheart a rá freisin go raibh deacracht mhór ag go leor múinteoirí mar gheall nach raibh aon stór d'ábhair bhunaidh phríomha agus thánaisteacha ar fáil, go dtí le gairid anuas nuair a tosaíodh ag úsáid foinsí idirlín.

**4.6 *An Straitéis Náisiúnta ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe* agus stair i scoileanna**

Is gá dul i ngleic le hábharthacht *'Oideachas don Inbhuanaitheacht': An Straitéis Náisiúnta ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe in Éirinn, 2014-2020* nuair atáthar ag dearadh sonraíochta le haghaidh stair na Sraithe Sóisearaí. Aibhsítear sa doiciméad an 'deis shuntasach' atá ann Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe atá curtha i láthair sa Chreat don tSraith Shóisearach a chur chun cinn, ag aibhsiú, i measc nithe eile, Ráiteas Foghlama 6: '[Tuigeann an scoláire] mar a chuireann luachanna, creidiúintí agus traidisiúin éagsúla leis na pobail agus leis an gcultúr ina maireann sé/sí agus tá meas aige/aici orthu'. (ROE, 2014, lch 13). Dírítear sa straitéis freisin ar an mbéim a chuirtear sa Chreat ar scileanna a fhorbairt sa scoláire a aithníodh i litríocht idirnáisiúnta ghaolmhar, lena n-áirítear doiciméid de chuid na Náisiún Aontaithe, mar rudaí atá lárnach don fhorbairt inbhuanaithe agus a d'fhéadfaí a bhreithniú freisin mar rud atá lárnach don oideachas staire, rudaí cosúil le smaointeoireacht chriticiúil, scileanna anailíseacha, ómós don éagsúlacht agus luach na hoidhreachta (ROE, 2014, lch 14). D'fhéadfaí an argóint a dhéanamh freisin go bhfuil ról ag an stair ó thaobh feasacht an scoláire a fheabhsú, ó pheirspictíocht staire de, i réimsí beartais atá nasctha le hOideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe agus atá luaite sa doiciméad straitéise, lena n-áirítear saincheisteanna socheacnamaíocha mar bochtaineacht, dúshaothrú leanaí, cearta an duine, cothroime inscne agus éagsúlacht chultúrtha; agus saincheisteanna polaitiúla cosúil le saoránacht, síocháin, eitic, daonlathas agus rialachas (ROE, 2014, lch 7).

**Achoimre ar an gCaibidil**

Taispeántar in anailís ar Thuairiscí Cigireachta Ábhair go mbíonn torthaí teagaisc agus foghlama dearfach tríd is tríd agus go mbíonn cleachtas den scoth i bhfeidhm. Ach tugtar le fios freisin go dteastaíonn tacaíocht ó úsáid modheolaíochtaí teagaisc agus foghlama atá gníomhach agus éagsúil agus go deimhin ó úsáid cur chuige maidir le measúnú foirmitheach.

D'fhéadfaí a rá nár baineadh aidhmeanna leathana agus uaillmhianacha shiollabas an Teastais Shóisearaigh amach chomh maith is a bhí sé beartaithe iad a bhaint amach. Tá sé tábhachtach fiafraí cibé ar chóir do Stair na Sraithe Sóisearaí féachaint le raon an-leathan scileanna stairiúla ar ardleibhéal a fhorbairt i scoláirí chomh maith le staidéar a dhéanamh ar stair an chine dhaonna ón gClochaois go dtí an Comhaontú Angla-Éireannach? Mar gheall ar an toirt mhór ábhar i siollabas Staire an Teastais Shóisearaigh bíonn sé thar a bheith deacair ag múinteoirí an caighdeán rannpháirtíochta a mbítear ag súil leis ó scoláirí a bhaint amach in ábhair staidéir ar leith, go háirithe nuair nach dtugtar don ábhar ach thart ar trí cheacht in aghaidh na seachtaine. Mar aon le droch-rochtain ar fhianaise dhoiciméadach (go dtí forbairt nasc idirlín leathanbhanda), i gcuraclam plódaithe ina bhfuil stair in iomaíocht le hábhair eile ó thaobh ama de, bíonn sé an-deacair go deo ag múinteoirí cuairt a thabhairt ar láithreáin stairiúla agus an bhéim phraiticiúil sin ar an stair mar ábhar beo a bhaint amach.

Tacaíonn na tosca sin go léir leis an tuairim go raibh an curaclam mar a bhí beartaithe agus an curaclam mar a chonacthas i ndáiríre le seacht mbliana fichead anuas scartha ar chaoi éigin.

Is fiú a rá go ndearnadh dul chun cinn sa réimse seo sa tsraith shinsearach mar gheall ar athchóiriú shiollabas na hArdteistiméireachta agus is díol misnigh é sin sa chumas atá ag múinteoirí agus ag scoláirí freastal ar dhúshláin den chineál céanna sa tsraith shóisearach.

Tarraingítear aird ar ráitis ábhartha in '*Oideachas don Inbhuanaitheacht: An Straitéis Náisiúnta ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe in Éirinn, 2014-2020* agus ar na naisc churaclaim a d'fhéadfadh a bheith ann le stair na sraithe sóisearaí sa todhchaí.

# 5 Leanúnachas i dtaithí an scoláire ar an stair

## 5.1 Réamhrá

Bíonn leanúnachas foghlama i gceist le hoideachas na bunscoile agus na hiarbhunscoile, áit a bhforbraíonn scoláirí eolas agus scileanna atá oiriúnach dá n-aois agus dá gcéim forbartha oideachais. Tógann na cuspóirí, an t-inneachar, na modheolaíochtaí agus na torthaí foghlama inmhianaithe a bhaineann le gach céim ar thaithí foghlama na gcéimeanna roimhe sin.

## 5.2 Stair i gCuraclam na Bunscoile

Cuirtear Stair i gCuraclam na Bunscoile i láthair mar chuid de réimse idirdhisciplíneach ar a dtugtar Oideachas Sóisialta, Comhshaoil agus Eolaíochta (OSCE). Is iad aidhmeanna OSCE ligean don leanbh 'iniúchadh agus imscrúdú a dhéanamh agus tuiscint a fhorbairt maidir leis na gnéithe nádúrtha, daonna, sóisialta agus cultúrtha a bhaineann le comhshaoil áitiúla agus níos leithne' (ROE, 1999a, lch 2). Trí raon leathan scileanna a fhoghlaim agus a chleachtadh, samhlaítear go bhforbróidh scoláirí 'cur chuige oscailte, géarchúiseach agus freagrach . . . maidir leis an saol mar phobail áitiúla agus pobail i gcoitinne atá eolach agus cneasta'. (ROE, 1999a).

Is é tábhacht na staire agus iarracht á déanamh na haidhmeanna sin a bhaint amach ná, 'Cuireann oideachas staire ar chumas páistí iniúchadh agus imscrúdú géarchúiseach a dhéanamh ar imeachtaí suntasacha a tharla dóibh féin ina saol' agus 'forbraíonn sé tuiscint ar na gníomhartha, an creideamh agus na rudaí a spreag daoine sa saol atá caite agus atá bunúsach chun léirthuiscint eolasach a bheith ag an duine ar an tsochaí agus ar thimpeallachtaí comhaimseartha' (ROE, 1999a, lch 3). Ina theannta sin, feictear an stair mar rud a bhfuil ról tábhachtach aici i bhforbairt luachanna agus dearcthaí tábhachtacha a chothaíonn atmaisféar cothroime ina 'dtugtar dúshlán do chlaontacht agus d'idirdhealú agus ina gcuirtear ómós agus comhthuiscint chun cinn' (ROE, 1999a, lch 4).

Rud atá spéisiúil go háirithe ná an chaoi a gcaitear leis an stair i gCuraclam na Bunscoile sa mhéid nach mbreathnaítear air mar insint leanúnach amháin ar an saol atá caite, ach mar 'ár n-iarracht gnéithe den saol atá caite atá spéisiúil [agus ábhartha] dúinn a atógáil agus a léirmhíniú' (ROE, 1999a, lch 6). Feictear gur rudaí tábhachtacha iad forbairt a dhéanamh ar thuiscint faoi am, croineolaíocht, athrú

agus leanúnachas, cúis agus éifeacht ach ba cheart féachaint orthu sin ar leibhéal atá oiriúnach d'aois páiste, agus ba chóir scileanna a fhorbairt atá oiriúnach dá gcéimeanna forbartha (ROS, 1999a, lch 6).

Tá obair an pháiste féin lárnach thar aon rud eile, agus sa churaclam luaitear '[toisc go dtuigfidh páistí bunscoile] an saol atá díreach caite níos éasca ná . . . ré i bhfad uainn . . . cuirtear béim láidir sa churaclam Staire ar staidéar a dhéanamh ar stair phearsanta agus áitiúil' (ROE, 1999a, lch 7). Leis sin is gá neamhspleáchas go leor a thabhairt don mhúinteoir chun inneachar cúrsa a roghnú agus topaicí atá ábhartha dá scoil áirithe agus do chomhthéacsanna na ndaltaí. Go deimhin, deirtear i gCuraclam na Bunscoile

> Ní bheidh deireadh riamh leis na staidéir seo, agus féachtar sa churaclam le solúbthacht a thabhairt do scoileanna agus do mhúinteoirí chun inneachar a roghnú agus a chinntiú ag an am céanna . . . go mbeidh raon topaicí leathan agus cothrom ann (ROE, 1999a, lch 8).

Ó thaobh forbairt scileanna de, is léir a dtábhacht sa churaclam, toisc go bhfuil an stair go léir bunaithe ar 'fhianaise' (ROE, 1999a, lch 8). Cé go n-aithnítear coincheapa maidir le ham, seicheamh agus croineolaíocht mar rudaí atá tábhachtach, aithnítear nach bhfuil tuiscint cheart ag páistí ag an aois sin ar am agus gur chóir do mhúinteoirí na coincheapa sin a fhorbairt de réir a chéile. Tá scileanna eile cosúil leo sin a aibhsítear i siollabas Staire an Teastais Shóisearaigh agus i gcleachtas idirnáisiúnta. Ina measc sin tá raon leathan ábhar bunaidh a aimsiú, a roghnú agus a anailísiú; ag aithint na dteorainneacha a bhaineann le hábhar bunaidh agus ag tuiscint gur féidir iad a léirmhíniú ar roinnt bealaí nó go hiomlán difriúil mar gheall ar fhianaise nua; fianaise a shintéisiú chun 'athdhéanamh samhlaíoch' a chruthú den saol atá caite agus é a chur in iúl do dhaoine eile; iniúchadh a dhéanamh ar an tionchar a bhí ag gníomhartha agus ag taithí daoine sa saol atá caite ar ghlúnta ina dhiaidh sin agus an cruth a d'fhéadfaidís a bheith curtha acu ar ár dtimpeallachtaí reatha (ROE, 1999a, lgh 8-9). An rud is suntasaí anseo ná go bhféachtar orthu seo i gCuraclam na Bunscoile mar shraith bloc a chuirfear i bhfeidhm trí inneachar solúbtha an churaclaim agus tréimhse solúbtha.

Ó thaobh measúnú, déantar cur síos i gCuraclam na Bunscoile ar an ngá atá le dul chun cinn páiste a thomhas agus a thuairisciú agus iarracht a dhéanamh ag an am céanna 'saobhadh an churaclaim a sheachaint le teicnící measúnaithe' (ROE, 1999a, lch 76). Déantar an pointe go mbaineann próiseas agus gníomhaíocht le forbairt scileanna agus an scil a chur i bhfeidhm ansin agus ní dhéantar an chaoi a ndearnadh na scileanna a fhorbairt a mheasúnú go héasca trí tháirgí deiridh scríofa, amhail trialacha, ailt bhreise etc. In ionad sin, 'tá an léiriú is fearr tugtha den leibhéal ag a gcuireann páiste bunscoile

scileanna stairiúla i bhfeidhm i gcomhthéacs gníomhaíochta agus plé' (ROE, 1999a, lch 77). Arís, anseo feicimid béim ar mhodheolaíochtaí measúnaithe atá oiriúnach d'aois. Rud tábhachtach anseo ná go bhféachtar ar an stair sa churaclam mar uirlis le haghaidh próiseas orgánach foghlama seachas ar rud críochnúil ann féin.

Cuirtear béim sa churaclam ar an ngá atá le solúbthacht agus neamhspleáchas leathan nuair atá inneachar á roghnú do mhúinteoirí: ní mór d'uirlisí measúnaithe a bheith éagsúil ó 'bhreathnú múinteora; tascanna agus trialacha atá deartha ag an múinteoir; samplaí oibre, punanna agus tionscadail [agus] próifílí curaclaim' (ROE, 1999a, lch 79) atá á gcur i bhfeidhm chun gnóthachtáil/dul chun cinn an scoláire a mheas agus ní mór go mbeadh muinín in ionracas gairmiúil múinteoirí chun aiseolas cothrom agus cóir a thabhairt do thuismitheoirí.

Tá sé spéisiúil mar a chuirtear béim i gCuraclam na Bunscoile ar stair phearsanta agus áitiúil, gar do thaithí an pháiste agus oiriúnach dá gcéimeanna forbartha agus gur chóir freisin gnéithe den stair náisiúnta agus idirnáisiúnta a chur faoina mbráid. San iarracht seo scóip indéanta a thabhairt don staidéar i gcomhar leis an mbéim láidir ar fhorbairt scileanna (agus measúnú) aibhsítear réimsí inar léir easpa leanúnachais a bheith iontu leis an taithí a fhaigheann an foghlaimeoir sa tsraith shóisearach faoi láthair. Cé go dtairgtear deiseanna ann do mhúinteoirí láithreáin nó iarsmaí áitiúla a leagan amach chun an cúrsa a mhúineadh, is minic go mbíonn Stair sa Teastas Sóisearach, mar gheall ar dhéine croineolaíoch an tsiollabais agus an oiread inneachair is atá ann, ag teacht salach ar an méid atá feicthe ag an duine óg den stair suas go dtéann siad isteach sa chéad bhliain san iarbhunscoil.

Toisc go dtugann Curaclam na Bunscoile an bunús agus an cúlra le haghaidh foghlaim an scoláire sa Teastas Sóisearach sa chomhthéacs seo tá sé ríthábhachtach nach mbeadh easpa leanúnachais chomh géar idir inneachar, foghlaim agus measúnú na staire d'fhoghlaimeoirí i gceist leis an mbearna earnála idir an bunscoil agus an tsraith shóisearach.

## 5.3 Siollabas Staire na hArdteistiméireachta

Rinneadh athbhreithniú iomlán ar struchtúr, inneachar, na scileanna atá le forbairt agus ar na nósanna imeachta measúnaithe le haghaidh Stair na hArdteistiméireachta in 2004. Sna blianta roimhe sin,

rinneadh stair sa tsraith shinsearach trí staidéar croineolaíoch ar stair na hÉireann agus ar stair na hEorpa ó na blianta 1870 go 1970. Bhí an t-inneachar chomh mór is nach raibh scóip ar bith ann ábhair bhunaidh a thabhairt isteach, ná le haghaidh iniúchadh agus anailís an scoláire, ná chun ábhar bunaidh agus peirspictíochtaí a shintéisiú, etc. Go deimhin, sula ndearnadh an t-athbhreithniú in 2004 is cúig cheist i bhfoirm aiste a bhí i scrúdú na hArdteistiméireachta a bhí ag dul in aghaidh na gcur chuigí teagaisc agus foghlama inmhianaithe agus d'fhéadfadh sé gur cuireadh go leor de na ceisteanna de ghlanmheabhair agus gur scríobhadh amach freagraí a bhí ullmhaithe roimh ré. I gcás inar tharla sé sin, bhí sé ag dul glan in aghaidh thuairim fhormhór tráchtairí a fhéachann ar an bhfiúntas a bhaineann le teagasc na staire mar chuid den oideachas ginearálta.

Cuireann siollabas athbhreithnithe Staire na hArdteistiméireachta béim ar an stair mar phróiseas dinimiciúil ina ndéantar forbairt scileanna agus smaointeoireacht stairiúil a ionchorprú trí phróisis imscrúdaithe agus an gá atá ann féachaint ar an stair ó pheirspictíochtaí éagsúla. Seachas an cúrsa a chaolú, tá sé leathnaithe amach ó 1815 go dtí 1993. Ina theannta sin, cuirtear béim ar fhorbairtí sóisialta, eacnamaíocha, reiligiúnacha agus eolaíochta (ROE, 2004b, lch 2). Is rud tábhachtach é, áfach, chun é sin a chúiteamh, go ndéantar tréimhsí ama an dá chuid den chúrsa, stair na hÉireann agus na hEorpa/an domhain, a roinnt ina sé réimse staidéir le haghaidh Stair na hÉireann agus ina sé réimse staidéir le haghaidh stair na hEorpa/an domhain. Iarrtar ar scoláirí díreach staidéar a dhéanamh ar dhá réimse staidéir as gach ceann den dá chuid. Ba cheart a thabhairt ar aird gur féidir trí shiollabas athbhreithnithe na hArdteistiméireachta réimse staidéir sa nua-aois a dhéanamh, cé nach nglacann ach fíorbheagán scoileanna an rogha sin.

Chuir an struchtúr sin ar chumas scoláirí staidéar a dhéanamh ar éagsúlacht topaicí staire níos leithne ná mar a bhí siad in ann a dhéanamh roimhe seo, ach gan ualach rómhór orthu ag an am céanna. Thug sé níos mó neamhspleáchais freisin do mhúinteoirí agus/nó do scoláirí a gcuid réimsí staidéir a roghnú de réir a gcuid comhthéacsanna agus spéiseanna ar leith. Níos tábhachtaí fós, is é aidhm an chúrsa nua 'smaointeoireacht neamhspleách a fhorbairt, meon fiosrachta agus smaointeoireacht chriticiúil, agus scoláirí a ullmhú i gcomhair breisoideachais agus . . . saol na hoibre, agus scoláirí a ullmhú dá ról mar shaoránaigh ghníomhacha agus rannpháirteacha'. Tugadh na *three e's (enquiry, evidence, exploration)* orthu sin sa Bhéarla ach tabharfaimid na trí *f* orthu i nGaeilge: fiosracht, fianaise, fáil amach. (ROE, 2004b, lgh 3-4).

Déantar trí cinn de na ceithre réimse staidéir atá riachtanach a mheasúnú trí chuireadh a thabhairt do scoláirí ceisteanna a fhreagairt ag úsáid argóint stairiúil, agus oibríonn an scéim mharcála trí 60% de na marcanna atá ar fáil a thabhairt as inneachar, agus 40% as anailís agus tuiscint fhoriomlán an scoláire. Sannann Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceann de na ceithre réimse staidéir mar cheann a scrúdófar trí cheist bunaithe ar dhoiciméid, mar chuid de pháipéar scrúdaithe na hArdteistiméireachta. Tá sé mar aidhm aige sin measúnú a dhéanamh ar scileanna scoláire i léamhthuiscint, anailís, comparáid ar ábhair bhunaidh agus comhthéacsú foriomlán na topaice atá i gceist. Tá sé tábhachtach sa mhéid is gur féidir féachaint air mar rud a fhorbraíonn ceisteanna scrúdú Staire an Teastais Shóisearaigh atá bunaithe ar fhoinsí agus a dhéanann measúnú ar inniúlachtaí an scoláire i bpríomhscileanna staraí i mbun oibre.

I gcomhpháirt dheiridh mheasúnú na hArdteistiméireachta tá tuarascáil ar staidéar taighde a chuireann scoláire i gcrích, ar fiú 20% dá ngrád foriomlán é. Roghnaíonn an scoláire topaic staire a bhfuil suim phearsanta acu féin ann agus, faoi threoir a múinteora, cuireann siad staidéar neamhspleách i gcrích a chuirtear isteach roimh scrúduithe na hArdteistiméireachta i mí an Mheithimh. Iarrann an staidéar seo ar scoláirí feasacht a léiriú maidir leo seo a leanas

- ról na fianaise i dtaighde stairiúil agus i scríbhneoireacht stairiúil
- príomhéagsúlachtaí agus stórtha fianaise stairiúla
- na céimeanna difriúla de thaighde stairiúil
- iarracht a bheith oibiachtúil
- toilteanas staraí féachaint arís ar an tuiscint atá acu ar imeachtaí i ngeall ar fhianaise nua nó léargas nua agus conas a dhéantar iad sin a chomhtháthú i gcorp fianaise
- chomh casta is atá athrú stairiúil agus an dúshlán a bhaineann lena bhfuil i gceist leis a mhíniú.

Tá fáilte mhór curtha roimh struchtúr, inneachar agus na nósanna imeachta measúnaithe le haghaidh Stair na hArdteistiméireachta agus an chothromaíocht a bhaineann leis tríd is tríd. Toisc go seachnaítear go leor sonraíochta maidir le hinneachar ann laistigh de topaicí bítear in ann staidéar grinn a dhéanamh ar topaicí ar leith agus tugtar deis iniúchadh a dhéanamh faoi stiúir an mhúinteora ag úsáid raon leathan modheolaíochtaí éagsúla. Bíonn an deis ag scoláire na hArdteistiméireachta tuiscint a fhorbairt maidir leis an gcaoi a mbíonn tionchar ag imeachtaí difriúla ar an saol mórthimpeall orthu, an chaoi nach dtarlaíonn aon rud ón saol atá caite ina aonar, conas teacht ar fhaisnéis, conas

claonadh agus bolscaireacht a aithint, conas faisnéis a shintéisiú agus í a chur in iúl go héifeachtach. Gach scil phraiticiúil a fhéadfaidh a bheith in úsáid ag scoláirí ar feadh a saoil go léir.

## 5.4 Stair sa Teastas Sóisearach

Is iomaí gné chomónta atá in aidhmeanna agus cuspóirí theagasc na staire i gCuraclam na Bunscoile, sa Teastas Sóisearach agus san Ardteistiméireacht. Tá difríocht áfach sa mhéid inneachair, in oiriúnacht na scileanna a lorgaítear maidir le céimeanna forbartha an scoláire agus sna nósanna imeachta measúnaithe. Soláthraítear cuid mhaith neamhspleáchais don mhúinteoir agus don scoláire i gCuraclam na Bunscoile agus san Ardteistiméireacht araon agus iad ag roghnú inneachar an chúrsa agus dírítear go láidir iontu ar shealbhú scileanna, luachanna agus dearcthaí faoi leith. San Ardteistiméireacht, spreagtar eolas a fháil amach agus scileanna a fhorbairt ag an am céanna, agus níl an t-inneachar forleathan, cé go bhfuil sé sonrach. Níl an scéal amhlaidh i Stair sa Teastas Sóisearach.

Tá éileamh mór á chur ar scoláirí ag an aois sin a bheith in ann staidéar a dhéanamh ar aon bhealach comhleanúnach ar stair na hÉireann agus ar stair an domhain ón gClochaois go dtí deireadh an 20ú haois agus é sin a dhéanamh taobh istigh de thrí bliana. Tá na nósanna imeachta measúnaithe le haghaidh Stair sa Teastas Sóisearach leagtha amach ar bhealach a fhágann go bhfuil an spreagadh do mhúinteoirí iarracht a dhéanamh na scileanna stairiúla ar tugadh breac-chuntas orthu níos túisce in aidhmeanna an tsiollabais a fhorbairt teoranta. Táthar ag súil go bhforbróidh scoláirí an Teastais shóisearaigh scileanna stairiúla ardleibhéil nach féidir a mheasúnú go foirmiúil ar aon bhealach suntasach laistigh den chóras reatha. Ardaíonn an t-easnamh sin, in éineacht leis an ionchas go bhfaighidís lear mór eolais fíriciúil, ceisteanna tromchúiseacha maidir leis an treo ba cheart do shonraíocht nua staire na sraithe sóisearaí a ghlacadh.

Tugtar deis agus struchtúr sa *Chreat don tSraith Shóisearach* le haghaidh saincheisteanna leanúnachais, dírithe ar scileanna seachas ar shiollabas faoi thionchar inneachar, chun éagsúlacht níos mó modheolaíochtaí teagaisc agus foghlama a éascú, agus chun nósanna imeachta measúnaithe a áireamh a réitíonn leis na haidhmeanna agus cuspóirí atá le cur i gcrích.

**Achoimre ar an gCaibidil**

Leis na forbairtí go léir a tharla ó tugadh isteach an Teastas Sóisearach an chéad lá riamh, is féidir a rá nach bhfuil Stair sa Teastas sóisearach ar aon dul níos mó leis na cúrsaí atá á ndéanamh ag foghlaimeoirí sa bhunscoil agus san Ardteistiméireacht. Tugann an Ardteistiméireacht lear mór neamhspleáchais don mhúinteoir chun inneachar cúrsa a roghnú ó roghchlár a thugtar. Ina theannta sin, toisc go ndéantar measúnú ar an dá cheann bítear in ann éascú díreach suntasach a dhéanamh sa seomra ranga agus faightear ionchur mór ón múinteoir, de réir mar a bhíonn scoláirí ag obair ar thionscadail ina n-éascaítear iniúchadh grinn ar imeachtaí a bhfuil spéis acu iontu agus/nó atá bainteach leo féin. Rud tábhachtach anseo ná go dtugtar deis le hobair thionscadail den sórt sin iniúchadh a dhéanamh ar an stair ar bhealach atá oiriúnach do chéimeanna forbartha na scoláirí atá i gceist. Ba cheart a rá freisin go dtugtar deis le cúrsaí bunscoile agus Ardteistiméireachta araon chun iniúchadh an scoláire agus an mhúinteora a dhéanamh ar an stair agus gur dóigh go mbeidh cur chuige déach den sórt sin níos éifeachtaí chun cothromaíocht a bhaint amach sna modheolaíochtaí teagaisc atá riachtanach chun an oiread scoláirí agus is féidir a áireamh san fhoghlaim a bhíonn ar siúl.

Is fiú machnamh a dhéanamh ar an méid solúbthachta a thugtar don mhúinteoir i bhforbairt thaithí staire a chuid/cuid scoláirí sa tsraith shóisearach nua toisc go bhfuil cur chuige den sórt sin i bhfeidhm mar chuid den Churaclam nua Bunscoile ó 1999 agus san Ardteistiméireacht ó 2004 i leith.

Cuireann *Creat don tSraith Shóisearach* an stair i láthair le struchtúr cheana féin ar féidir sonraíocht agus nósanna imeachta measúnaithe a thógáil don Stair sa tSraith Shóisearach nua. Leis an mbéim mhéadaithe a chuirtear ar fhorbairt scileanna le haghaidh foghlaim amach anseo a shamhlaítear sa Chreat cuirtear an deis ar fáil chun an chothromaíocht eolais/scileanna atá le feiceáil sa siollabas agus sna scrúduithe reatha a atreorú as an nua.

# 6 Sonraíocht staire sa tsraith shóisearach nua

Cé go bhféadfadh saintréithe faoi leith a bheith ag roinnt acu, ag eascairt ón réimse foghlama atá i gceist, tá roinnt gnéithe comónta ag gach sonraíocht sa tsraith shóisearach, i gcás na n-ábhar agus na ngearrchúrsaí. Beidh siad

- bunaithe ar thorthaí
- léireoidh siad leanúntas foghlama ina ndírítear ar dhul chun cinn an fhoghlaimeora
- leagann siad amach ionchais shoiléire le haghaidh na foghlama
- soláthróidh siad samplaí de na hionchais sin
- cuimseoidh siad fócas ar na hocht bpríomhscil
- féachfaidh siad chuige go mbíonn an teanga a úsáidtear soiléir agus an téarmaíocht leanúnach.

Chun feabhas a chur ar an nasc le foghlaim agus le teagasc sa bhunscoil, comhroinntear na tréithe seo le Curaclam na Bunscoile. Gheofar i sonraíocht gach ábhair agus gearrchúrsa sa tsraith shóisearach na nithe seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| 1 | Intreoir don tsraith shóisearach | Intreoir chomónta a bheidh inti do gach sonraíocht agus tabharfar achoimre inti ar na príomhghnéithe den *Chreat don An tsraith shóisearach.* |
| 2 | Réasúnaíocht | Déanfar cur síos anseo ar chineál agus ar chuspóir an ábhair chomh maith leis na riachtanais agus na hinniúlachtaí ginearálta a bheidh ar scoláirí agus a n-éileoidh sé orthu.<br><br>Déanfar iarracht sa téacs, mar is cuí, aird a tharraingt ar dhúshláin agus ar aon cheist rochtana a bhaineann le staidéar a dhéanamh ar an ábhar do scoláirí a bhfuil sainriachtanais acu nó do scoláirí faoi mhíchumais. |
| 3 | Aidhm | Tabharfar cur síos gonta anseo ar aidhm an ábhair. |

| | | |
|---|---|---|
| 4 | Naisc le:<br><br>Ráitis Foghlama<br><br>Príomhscileanna | Aibhseofar agus míneofar anseo an chaoi a nasctar an t-ábhar le gnéithe lárnacha foghlama agus teagaisc sa tsraith shóisearach. |
| 5 | Forbhreathnú:<br><br>Snáitheanna<br><br>Torthaí Foghlama | Léireoidh forbhreathnú ar an ábhar an chaoi a n-eagraítear é agus leagfar amach ann, i snáitheanna agus i dtorthaí foghlama, an fhoghlaim a bhíonn i gceist. |
| 6 | Ionchais maidir le scoláirí | Beidh siad seo nasctha le grúpaí de thorthaí foghlama agus bainfidh siad le samplaí d'obair scoláirí. Cuirfear nótaí leis na samplaí, ina mínítear an bhfuil an obair ag teacht le hionchais do scoláirí, chun tosaigh orthu, nó taobh thiar díobh. |
| 7 | Measúnú agus tuairisciú | Tagraíonn an roinn seo do mheasúnú foirmitheach agus do mheasúnú suimitheach araon. Tugtar breac-chuntas ann ar na comhpháirt(eanna) measúnaithe trína gcuirfidh scoláirí fianaise ar fhoghlaim i láthair ar bhonn leanúnach, agus ar mhaithe le gnóthachtáil a thaifeadadh le haghaidh Phróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí[5].<br><br>Cuirtear leis an gcur síos seo ar an measúnú trí shonraíochtaí measúnaithe agus trí threoirlínte ar leith a bheidh le húsáid sa dara agus sa tríú bliain. |

[5] Is é PGSS an dámhachtain nua do gach scoláire sa tsraith shóisearach. Tiocfaidh sé i gcomharbacht ar an dámhachtain reatha, an Teastas Sóisearach.

# 7 Achomair den athbhreithniú ar stair na sraithe sóisearaí

Tiocfaidh sonraíocht as athbhreithniú stair na sraithe sóisearaí a bheidh ar aon dul leis an teimpléad thuas.

Beidh na prionsabail sa *Chreat don tSraith Shóisearach* mar threoir agus mar bhonn taca ag na príomhchinntí a dhéanfar i bhforbairt na sonraíochta nua don stair. Cuirfear an tsonraíocht ar fáil ag leibhéal comónta. Dearfar í chun í a theagasc agus a mheasúnú in 200 uair an chloig ar a laghad agus déanfar í a struchtúrú nó a eagrú ina snáitheanna agus ina torthaí foghlama.

Déanfar príomhscileanna na sraithe sóisearaí a leabú i dtorthaí foghlama na sonraíochta, mar is cuí.

Forbrófar an tsonraíocht i gcomhréir leis na ráitis foghlama, lena n-áirítear an méid seo a leanas i gcás an scoláire:

- éisteann, labhraíonn, léann agus scríobhann sé ag leibhéal inniúlachta atá ag teacht lena c(h)umas féin
- déanann sé réimse leathan ábhar bunaidh a chruthú, a mheas agus a léirmhíniú go criticiúil
- tá feasacht aige ar luachanna pearsanta agus tuiscint ar phróiseas na cinnteoireachta morálaí
- tuigeann an scoláire mar a chuireann luachanna, creidiúintí agus traidisiúin éagsúla leis na pobail agus leis an gcultúr ina maireann sé/sí agus tá meas aige/aici orthu
- tá meas ag an scoláire ar an oidhreacht áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus cabhraítear leis/léi an tábhacht atá ag an ngaol idir eachtraí atá thart agus eachtraí reatha a thuiscint, agus tábhacht na bhfórsaí is cúis le hathrú
- cabhraítear leis an scoláire tuiscint a fháil ar bhunús agus tionchair ghnéithe sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil an domhain mórthimpeall air/uirthi

- déanann sé/sí breathnú agus measúnú ar eachtraí agus ar phróisis eimpíreacha agus baineann tátail agus cinntí bailí astu
- úsáideann an scoláire an teicneolaíocht agus uirlisí na meán digiteach chun foghlaim, chun cumarsáid a dhéanamh, chun oibriú agus chun smaoineamh go comhoibríoch agus go cruthaitheach ar bhealach freagrach agus eiticiúil
- tá meas aige/aici ar a bhfuil i gceist le bheith ina s(h)aoránach gníomhach, le cearta agus dualgais i gcomhthéacsanna áitiúla agus náisiúnta.

Cuirfear i gcrích í le haghaidh fhómhar na bliana 2017.

Déanfaidh forbairt na sonraíochta nua na rudaí seo a leanas

- cuirfear taighde agus forbairtí reatha i réimse an oideachais staire san áireamh, tabharfaidh sé léiriú freisin ar thuiscint atá ag teacht chun cinn maidir le hábhar an oideachais sa stair i dtaca le céimeanna forbartha na scoláirí, agus an gá atá ann é a chur ar aon líne le forbairt leanúnach na straitéise uimhearthachta agus litearthachta.
- tabharfar aghaidh ar leanúnachas agus ar dhul chun cinn. Breithneofar cibé ar chóir stair a mhúineadh ó bhonn ginearálta níos leithne sa chéad bhliain agus fócas ar leith ar an bhfoghlaim a chomhdhlúthú ón mbunscoil agus ar thuiscint na scoláirí ar fhorbairt nasc, scileanna agus dearcthaí tras-churaclaim is féidir leis an stair a ghlacadh nuair a cheanglaítear é le hábhair eile. Mar shampla, faisnéis a léiriú i bhformáid pictiúrtha san ealaín, tuiscint ar athrú sóisialta agus polaitiúil trí léarscáileanna/cairteacha tíreolaíocha agus coincheapa mar daonlathas agus cearta an duine a chur chun cinn trí OSSP.
- deis chun iniúchadh grinn a dhéanamh ar topaicí roghnaithe agus ar fhorbairt phraiticiúil ‘scileanna staraí’ atá oiriúnach do scoláirí idir 12 agus 15 bliana déag.

Le bheith níos sonraíche, tabharfaidh forbairt na sonraíochta nua aghaidh orthu seo a leanas:

- gur chóir na haidhmeanna le haghaidh stair na sraithe sóisearaí a leagan síos ar aon dul leis an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr agus ceaptha chun céim fhorbairt choincheapúil agus shamhlaíoch daoine óga idir 12 agus 15 bliana déag a mheaitseáil

- conas a bheidh an tsonraíocht nua ar aon líne le stair i gCuraclam na Bunscoile, le siollabas Staire na hArdteistiméireachta, agus leis an gcúrsa nua Polaitíocht agus an tSochaí san Ardteistiméireacht.
- cibé ar chóir staidéar a dhéanamh ar an stair mar ábhar croineolaíoch leanúnachais nó cibé ar chóir inneachar a eagrú ina 'réimsí staidéir' ónar chóir roinnt topaicí a roghnú i gcomhair staidéir agus measúnú
- an chaoi ar féidir leis an tsonraíocht, ina cur i láthair agus ina réim teanga, a bheith dírithe go mór ar an scoláire agus fócas soiléir a bheith aici ar an méid is féidir le scoláirí a dhéanamh chun a gcuid scileanna staire, a gcuid inniúlachtaí agus éachtaí a fhorbairt agus a léiriú
- an chaoi a gcuirfear foghlaim phraiticiúil agus ar bhonn fiosraithe chun cinn leis na modheolaíochtaí molta
- an chaoi a gcabhróidh sé le tuiscint na scoláirí ar conas a chuidigh imeachtaí sa saol atá caite le cruth a chur ar an saol inniu
- an chaoi a gcuideoidh sé chun foghlaim féintreoraithe an scoláire a fhorbairt
- go mbeidh na modhanna measúnaithe ag teacht le haidhmeanna an chúrsa agus le cumas an scoláire
- an chaoi ar féidir leis scileanna coincheapúla, comhoibríocha agus cumarsáide an scoláire a fhorbairt
- an chaoi a bhféadfadh sé cabhrú chun corpas mór ábhar bunaidh iomchuí a fhorbairt, a d'fhéadfadh múinteoirí a fhorbairt a bheadh in oiriúint dá gcúinsí scoile féin
- an chaoi a bhforbróidh an tsonraíocht cumas scoláire chun ábhair bhunaidh éagsúla a cheistiú
- an chaoi a bhforbróidh an tsonraíocht tuiscint na scoláirí ar phríomhchoincheapa mar neamhchlaontacht, bailíochtú, claonadh, bolscaireacht, tátal agus sintéisiú stairiúil
- úsáid na teicneolaíochta agus uirlisí meán digiteach i bhfoghlaim agus i dteagasc stair na sraithe sóisearaí
- an chaoi ar féidir leis an stair cuidiú le forbairt an choincheapa maidir le foghlaim ar feadh an tsaoil.

Beidh obair Mheitheal Forbartha na Staire bunaithe ar an bpáipéar treorach seo ar an gcéad dul síos. Agus an grúpa i mbun oibre agus plé, d'fhéadfaí roinnt de na pointí seo a fhormhíniú agus go gcuirfí pointí eile leis an bpáipéar treorach.

# Tagairtí


Bord Staidéar NSW. (2013). NSW Syllabus for the Australian Curriculum: History K-10 Syllabus. *Faighte i mí Dheireadh Fómhair 2016 ó* https://syllabus.bostes.nsw.edu.au/assets/historyk10/downloads/historyk10_full.pdf

Coolahan, Bill. (2014). *The reform of junior cycle education as an issue in Irish education 1970-2014.* Roscrea: Parkmore Press.

Department for Education (RA). 2013. *History programmes of study: key stage 3* (*An curaclam náisiúnta i Sasana). Faighte i mí Dheireadh Fómhair 2015 ó:* https://www.gov.uk/government/uploads/system/uploads/attachment_data/file/239075/SECONDARY_national_curriculum_-_History.pdf

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta. (1998). *An teastas sóisearach: stair – Treoirlínte athbhreithnithe do Mhúinteoirí.* Baile Átha Cliath: An Oifig Stáiseanóireachta. Faighte i mí Dheireadh Fómhair 2015 ó: https://curriculumonline.ie/getmedia/b354aaa1ab8d466788f0f92592c2d21c/JCSEC13_History_guidelines.pdf

ROS. (1989). *An teastas sóisearach: An siollabas Staire.* Baile Átha Cliath: An Oifig Stáiseanóireachta.

ROS. (1999a). *Stair: Oideachas sóisialta, comhshaoil agus eolaíoch - Curaclam.* Baile Átha Cliath: An Oifig Stáiseanóireachta.

ROS. (1999b). *Stair: Oideachas sóisialta, comhshaoil agus eolaíoch – Treoirlínte do mhúinteoirí.* Baile Átha Cliath: An Oifig Stáiseanóireachta.

ROS. (2004a). *Stair: An Ardteistiméireacht – Siollabas.* Baile Átha Cliath: An Oifig Stáiseanóireachta.

ROS. (2004b). *Stair: An Ardteistiméireacht – Treoirlínte do Mhúinteoirí.* Baile Átha Cliath: An Oifig Stáiseanóireachta.

ROS–Cigireacht. (2006). *Ag Féachaint ar an Stair – Múineadh agus Foghlaim na Staire i Scoileanna Iarbhunoideachais.* Baile Átha Cliath: An Oifig Stáiseanóireachta.

An Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS). (2006-2014). *Tuairiscí cigireachta an ábhair – Stair.* Faighte i mí Dheireadh Fómhair 2015 ó: http://www.education.ie/ga/Foilseach%C3%A1in/Tuairisc%C3%AD-Cigireachta-Foilseach%C3%A1in/Cigireachta%C3%AD-%C3%81bhar-Tuarasc%C3%A1lacha-Liosta/report1_68072I.pdf

ROS. (2012). *Creat don tsraith shóisearach.* Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna.

ROS. (2014). *Oideachas don Inbhuanaitheacht: An Straitéis Náisiúnta ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe in Éirinn, 2014-2020.* Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna.

ROS. (2015). *Creat don tsraith shóisearach.* Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna.

Eurydice. (2010). *Stair sa churaclam.* National Foundation for Educational Research. Faighte i mí Dheireadh Fómhair 2015 ó:
https://www.nfer.ac.uk/shadomx/apps/fms/fmsdownload.cfm?file_uuid=9788BD95-C29E-AD4D-0F52-03EC523CD31B&siteName=nfer

Bord Náisiúnta Oideachais na Fionlainne. (2003). *National core curriculum for upper secondary schools.* Faighte i mí na Nollag 2015 ó:
http://www.oph.fi/download/47678_core_curricula_upper_secondary_education.pdf

An Cumann Staire. (2010). *Survey of history in schools in England.* Faighte i mí na Samhna 2015 ó:
http://www.History.org.uk/resources/secondary_resource_3754_8.html

Howson, J. (2007). 'Is it the Tuarts and the Studors or the other way round?- the importance of developing a usable big picture of the past' in *Teaching History* Meitheamh 2007. Londain: An Cumann Staire.

Ireland.ie (Suíomh gréasáin oifigiúil Rialtas na hÉireann de chlár comóradh céad bliain Éirí Amach 1916.)

Lee, P.J., (1992). 'History in schools: aims, purposes and approaches. Freagra ar John White.' in P.J. Lee, J. Slater, P. Walsh agus J. White, *The aims of school history: The national curriculum and beyond*. Londain: Tyfnell Press.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM). (2008). *Stair sa Teastas sóisearach: Dréacht-siollabas i gcomhair comhairliúcháin.* Baile Átha Cliath: CNCM.

Quinn, J. (2004). *Ways of knowing: A celebration of learning and teaching.* Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

Rafferty, D. et al. (2004). *Gender perspectives and junior cycle history.* Baile Átha Cliath: Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

Royal Society of Edinburgh (RSE). (2011). *The teaching of history in Scottish schools: Report of an RSE working group.* Edinburgh: The Royal Society of Edinburgh. Faighte i mí Dheireadh Fómhair 2015 ó:
https://www.nfer.ac.uk/shadomx/apps/fms/fmsdownload.cfm?file_uuid=9788BD95-C29E-AD4D-0F52-03EC523CD31B&siteName=nfer

Údarás Cáilíochtaí na hAlban. (2012a). *Curriculum for excellence.* Faighte i mí Dheireadh Fómhair 2015 ó:
https://www.educationscotland.gov.uk/Images/all_experiences_outcomes_tcm4-539562.pdf

Údarás Cáilíochtaí na hAlban. (2012b) *National 4 history course specification.* Faighte i mí Dheireadh Fómhair 2015 ó:
http://www.sqa.org.uk/files/nq/CfE_CourseSpec_N4_SocialStudies_History.pdf

Údarás Cáilíochtaí na hAlban. (2012c) *National 5 history course specification.* Faighte i mí Dheireadh Fómhair 2015 ó:
http://www.sqa.org.uk/files/nq/CfE_CourseSpec_N5_SocialStudies_History.pdf

Sheil, G. et al. (2010). *Standardised testing in lower secondary education.* Baile Átha Cliath:An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM).

Smyth, E. agus Calvert, E. (2011). *Choices and challenges: Moving from junior cycle to senior cycle education.* Baile Átha Cliath: The Liffey Press i gcomhar leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS). (2001). *Junior certificate examination 2001: History – Chief examiner's report.* Faighte i mí Dheireadh Fómhair 2015 ó:
https://www.examinations.ie/archive/examiners_reports/cer_2001/jc_01_History_er.pdf

Coimisiún na Scrúduithe Stáit. (2005). *Junior certificate examination 2005: History – Chief examiner's report.* Faighte i mí Dheireadh Fómhair 2015 ó:
https://www.examinations.ie/archive/examiners_reports/cer_2005/JC_History.pdf

Coimisiún na Scrúduithe Stáit. (2008). *Junior certificate examination 2008: History – Chief examiner's report.* Faighte i mí Dheireadh Fómhair 2015 ó:
https://www.examinations.ie/archive/examiners_reports/cer_2008/JC_History_2008.pdf

Sturtevant, E.G. (1996). 'Lifetime influences on the literacy-related instructional beliefs of experienced high school history teachers: Two comparative case studies.' in *The Journal of Literacy Research, Iml. 28*(2), 227-257. Faighte i mí Dheireadh Fómhair 2015 ó:
http://jlr.sagepub.com/content/28/2/227.full.pdf

Aontas Múinteoirí Éireann et al. (2015). *Junior cycle reform: Joint statement on principles and implementation and appendix to the joint statement.* Baile Átha Cliath: Aontas Múinteoirí Éireann.

White, J. (1992). 'The purpose of school history: has the National Curriculum got it right?' in P.J. Lee, J. Slater, P. Walsh agus J. White, *The aims of school history: The national curriculum and beyond.* Londain: Tyfnell Press.

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment